



An Bhruiséil, 2 Meán Fómhair 2025
(OR. en)

11136/25

LIMITE

CORLX 723
CFSP/PESC 1068
RELEX 905
FIN 811
COEST 541

GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE

Ábhar: RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME ÓN gCOMHAIRLE lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (AE) Uimh. 269/2014 a bhaineann le bearta sriantacha i ndáil le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2025/... ÓN gCOMHAIRLE

an ...

**lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (AE) Uimh. 269/2014
a bhaineann le bearta sriantacha i ndáil le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn
d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine
nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 269/2014 ón gComhairle an 17 Márta 2014 a bhaineann le bearta sriantacha i ndáil le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin¹, agus go háirithe Airteagal 14(1) agus (3) de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

¹ IO L 78, 17.3.2014, lch. 6, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2014/269/oj>.

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) An 17 Márta 2014, ghlac an Chomhairle Rialachán (AE) Uimh. 269/2014.
- (2) Ar bhonn athbhreithniú ón gComhairle, ba cheart an fhaisnéis a bhaineann le 142 duine aonair agus 134 eintiteas a liostaítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 269/2014 a thabhairt cothrom le dáta. Ina theannta sin, ba cheart an iontráil le haghaidh duine éagtha amháin agus le haghaidh duine amháin eile a scríosadh ón Iarscríbhinn sin.
- (3) Ba cheart, dá bhrí sin, Rialachán (AE) Uimh. 269/2014 a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 269/2014 i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh in/sa ...,

*Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán*

IARSCRÍBHINN

Leasaítear Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 269/2014 mar a leanas:

Leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh 2014/145/CBES mar a leanas:

(1) scriostar an iontráil maidir leis an duine éagtha seo a leanas:

‘1276. Konstantin Vladimirovich ZAVIZENOV (Константин Владимирович ЗАВИЗЕНОВ)’;

(2) scriostar an iontráil maidir leis an duine seo a leanas:

‘1202. Pavel EZUBOV (Павел ЕЗУБОВ)’;

(3) cuirtear na hiontrálacha seo a leanas in ionad na n-iontrálacha a bhaineann leis na daoine agus leis na heintitis a liostaítear thíos:

Daoine

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
11.	Andrei Aleksandrovich KLISHAS (Андрей Александрович КЛИШАС)	Inscne: fireann Dáta breithe: 9.11.1972 Áit bhreithe: Sverdlovsk (Ekaterinburg), Cónaidhm na Rúise	Cathaoirleach an Choiste um an Dlí Bunreachtúil agus um Chothú Stáit Chomhairle Cónaidhme Chónaidhm na Rúise. Lánchumhachtóir na Comhairle Cónaidhme i gCúirt Bhunreachtúil na Rúise agus in oifig an Ionchúisitheora Ghinearálta. An 1 Márta 2014, thacaigh Klishas go poiblí, sa Chomhairle Cónaidhme, le himscaradh fhórsaí na Rúise san Úcráin. I ráitis phoiblí, rinne Klishas iarracht údar a thabhairt le hidirghabháil mhíleata ón Rúis san Úcráin trína mhaíomh go dtacaíonn ‘Uachtarán na hÚcráine le hachainí údaráis na Crimé ar Uachtarán Chónaidhm na Rúise maidir le cúnaimh uilechuimsitheach a thabhairt chun saoránaigh na Crimé a chosaint’.	17.3.2014

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
			<p>An 22 Feabhra 2022, thacaigh Klishas, sa Chomhairle Cónaidhme, le daingniú cinntí rialtais i ndáil leis an ‘Conradh maidir le Cairdeas, Comhar agus Cúnamh Frithpháirteach idir Cónaidhm na Rúise agus Daon-Phoblacht Donetsk’ agus leis an ‘Conradh maidir le Cairdeas, Comhar agus Cúnamh Frithpháirteach idir Cónaidhm na Rúise agus Daon-Phoblacht Luhansk’.</p> <p>An 22 Feabhra 2022, thacaigh Klishas go poiblí, sa Chomhairle Cónaidhme, le himscaradh fhórsaí na Rúise san Úcráin.</p> <p>An 4 Deireadh Fómhair 2022, thacaigh Klishas, sa Chomhairle Cónaidhme, leis an reachtaíocht chun réigiúin Donetsk, Luhansk, Kherson agus Zaporizhzhia san Úcráin a ionghabháil.</p>	

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
22.	Dmitry Olegovich ROGOZIN (Дмитрий Олегович РОГОЗИН)	Inscne: fireann Dáta breithe: 21.12.1963 Áit bhreithe: Moscó, Cónaidhm na Rúise	Iar-Leas-Phríomh-Aire ar Chónaidhm na Rúise. D'iarr sé go poiblí go ndéanfaí ionghabháil ar an gCrimé. Iar-Ard-Stiúrthóir i gcorparáid Stáit. An 23 Meán Fómhair 2023, toghadh é ina Sheanadóir ar an gComhairle Cónaidhme ó réigiún Zaporizhzhia. Tá sé ina chomhalta faoi láthair de Choiste na Comhairle Cónaidhme um Chosaint agus Slándáil. Tá sé i gceannas ar ghrúpa comhairleoirí míleata, a thugann tacaíocht mhíleata-teicniúil do phearsanra míleata Donetsk agus Luhansk.	21.3.2014

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
23.	Sergey Yurievich KOZYAKOV (Сергей Юрьевич ГЛАЗЬБЕВ)	Dáta breithe: 1.1.1961 Áit bhreithe: Zaporizhzhia, APSS (an Úcráin anois) Inscne: fireann	IarChomhairleoir Uachtarán Chónaidhm na Rúise maidir leis an bhforbairt eacnamaíoch. D'iarr sé go poiblí go ndéanfaí ionghabháil ar an gCrimé agus tacaíonn sé leis an gcogadh ar an Úcráin. IarAire Lánpháirtíochta agus Maicreacnamaíochta sa Choimisiún Eacnamaíochta Eoráiseach. Tá poist acadúla ardchéime éagsúla aige faoi láthair, go háirithe i nDámh na nEolaíochtaí Sóisialta in Ardscoil na hEacnamaíochta agus in Acadamh Eolaíochtaí na Rúise. Ceaptha mar Státrúnaí an Aontais, Stát na Rúise agus na Bealarúise an 17 Aibreán 2025.	21.3.2014
78.	Sergei Orestovich BESEDA (Сергей Орестович БЕСЕДА)	Inscne: fireann Dáta breithe: 17.5.1954	Iarcheannasaí Chúigiú Seirbhís Federal Security Service (FSB) na Rúise. Comhairleoir do Stiúrthóir FSB faoi láthair. Mar oifigeach sinsearach FSB (Coirnéal-Ginearál), tá sé i gceannas ar sheirbhís atá freagrach as maoirseacht a dhéanamh ar oibríochtaí faisnéise agus ar ghníomhaíocht idirnáisiúnta.	25.7.2014

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
108.	Vladimir Abdaliyevich VASILYEV (Владимир Абдуалиевич ВАСИЛЬЕВ)	Dáta breithe: 11.8.1949 Áit bhreithe: Klin, Réigiún Mhoscó, APSS (Cónaidhm na Rúise anois) Inscne: fireann	Iar-Leas-Spéicéir den Dúma stáit. An 20 Márta 2014, vótáil sé i bhfabhar dréachtdlí bunreachtúil cónaidhme ‘maidir le “Poblacht na Crimé” a ghlacadh isteach i gCónaidhm na Rúise agus eintitis nua cónaidhme –“Poblacht na Crimé” agus cathair stádais cónaidhme Sevastopol a bhunú laistigh de Chónaidhm na Rúise’. Iarcheann Phoblacht na Dagastáine. IarChomhairleoir ag Uachtarán Chónaidhm na Rúise. Cathaoirleach ar bhuanchoimisiún Thionól Parlaiminteach Eagraíocht Chonradh na Comhshlándála maidir le cosaint agus slándáil. Comhalta den Dúma Stáit agus ceannaire fhaicsean United Russia ag an Dúma Stáit. Sa cháil sin, ghlac sé páirt i ndaingniú cinntí rialtais maidir leis an ‘Conradh Cairdis, Comhair agus Cúnaimh Fhrithpháirtigh idir Cónaidhm na Rúise agus “Daon-Phoblacht Donetsk”’ agus an ‘Conradh Cairdis, Comhair agus Cúnaimh Fhrithpháirtigh idir Cónaidhm na Rúise agus “Daon-Phoblacht Luhansk”’.	12.9.2014

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
			<p>An 3 Deireadh Fómhair 2022, thacaigh Vasilyev, sa Dúma Stáit, leis an reachtaíocht chun réigiúin Donetsk, Luhansk, Kherson agus Zaporizhzhia san Úcráin a ionghabháil.</p> <p>Dá bhrí sin, thacaigh sé go gníomhach le gníomhaíochtaí agus chuir sé beartais i bhfeidhm a bhaineann an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí agus na beartais sin ar an méid sin, agus a dhíchobhsaigh an Úcráin a thuilleadh.</p>	
197.	<p>Leonid Vladimirovich МИХАЙЛУК (Леонид Владимирович МИХАЙЛЮК)</p>	<p>Inscne: fireann Dáta breithe: 1.1.1970 nó 8.7.1963 Náisiúntacht: Rúiseach Seoladh (Obair): 295034, Simferopol, 13 I. Franko blvd., an Chrimé, an Úcráin</p>	<p>Ceann Stiúrthóireacht FSB Chónaidhm na Rúise don Krasnodar Krai. Iar-Cheann FSB sa Chrimé agus Sevastopol agus ar an gCoiste Réigiúnach i gcoinne na Sceimhlitheoireachta.</p> <p>Bhí sé i gceannas ar fhórsaí FSB, a rinne an feachtas cos ar bolg a ghéarú in aghaidh freasúróirí ar fhorghabháil mhídhleathach Leithinis na Crimé ag Cónaidhm na Rúise. Aistríodh cuid de na gníomhaithe ar son na hÚcráine atá á gcoinneáil ag aonaid FSB faoina cheannas go héigeantach chuig Krasnodar agus Rostov-on-Don sa Rúis. Trí dhlí na Rúise a fhorfheidhmiú sa chríoch atá faoi fhorghabháil neamhdhleathach, thacaigh sé go gníomhach le gníomhaíochtaí agus chuir sé beartais chun feidhme a bhaineann an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad ar an méid sin.</p>	11.10.2021

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
264.	Vladimir Nikolaevich BLOTSKY (Владимир Николаевич БЛОЦКИЙ)	Dáta breithe: 10.11.1977 Inscne: fireann	Comhalta den Dúma Stáit a vótáil i bhfabhar rún Uimh. 58243-8 ‘Maidir leis an achainí ó Dhúma Stáit Thionól Cónaidhme Chónaidhm na Rúise chuig Uachtarán Chónaidhm na Rúise V.V. Putin maidir leis an ngá aitheantas a thabhairt do Dhaon-Phoblacht Donetsk agus do Dhaon-Phoblacht Luhansk’ agus a thacaigh dá bhrí sin le gníomhaíochtaí agus beartais, agus a chuir gníomhaíochtaí agus beartais chun feidhme, ar gníomhaíochtaí agus beartais iad a bhaineann an bonn d’iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine, agus a dhíchobhsaíonn an Úcráin a thuilleadh.	23.2.2022
300.	Yuri Aisovich NAPSO (Юрий Аисович НАПСО)	Dáta breithe: 17.4.1973 Inscne: fireann	Comhalta den Dúma Stáit a vótáil i bhfabhar rún Uimh. 58243-8 ‘Maidir leis an achainí ó Dhúma Stáit Thionól Cónaidhme Chónaidhm na Rúise chuig Uachtarán Chónaidhm na Rúise V.V. Putin maidir leis an ngá aitheantas a thabhairt do Dhaon-Phoblacht Donetsk agus do Dhaon-Phoblacht Luhansk’ agus a thacaigh dá bhrí sin le gníomhaíochtaí agus beartais, agus a chuir gníomhaíochtaí agus beartais chun feidhme, ar gníomhaíochtaí agus beartais iad a bhaineann an bonn d’iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine, agus a dhíchobhsaíonn an Úcráin a thuilleadh.	23.2.2022

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
391.	Nikolay Nikolaevich ALEXEYENKO (Николай Николаевич АЛЕКСЕЕНКО)	Dáta breithe: 29.11.1971 Inscne: fireann	Comhalta den Dúma Stáit a vótáil i bhfabhar rún Uimh. 58243-8 ‘Maidir leis an achainí ó Dhúma Stáit Thionól Cónaidhme Chónaidhm na Rúise chuig Uachtarán Chónaidhm na Rúise V.V. Putin maidir leis an ngá aitheantas a thabhairt do Dhaon-Phoblacht Donetsk agus do Dhaon-Phoblacht Luhansk’ agus a thacaigh dá bhrí sin le gníomhaíochtaí agus beartais, agus a chuir gníomhaíochtaí agus beartais chun feidhme, ar gníomhaíochtaí agus beartais iad a bhaineann an bonn d’iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine, agus a dhíchobhsaíonn an Úcráin a thuilleadh.	23.2.2022
406.	Anton Aleksandrovich BASANSKY (Антон Александрович БАСАНСКИЙ)	Dáta breithe: 9.7.1987 Inscne: fireann	Comhalta den Dúma Stáit a vótáil i bhfabhar rún Uimh. 58243-8 ‘Maidir leis an achainí ó Dhúma Stáit Thionól Cónaidhme Chónaidhm na Rúise chuig Uachtarán Chónaidhm na Rúise V.V. Putin maidir leis an ngá aitheantas a thabhairt do Dhaon-Phoblacht Donetsk agus do Dhaon-Phoblacht Luhansk’ agus a thacaigh dá bhrí sin le gníomhaíochtaí agus beartais, agus a chuir gníomhaíochtaí agus beartais chun feidhme, ar gníomhaíochtaí agus beartais iad a bhaineann an bonn d’iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine, agus a dhíchobhsaíonn an Úcráin a thuilleadh.	23.2.2022

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
513.	Vitaliy Vasilevich KUSHNAREV (Виталий Васильевич КУШНАРЁВ)	Dáta breithe: 1.5.1975 Inscne: fireann	Comhalta den Dúma Stáit a vótáil i bhfabhar rún Uimh. 58243-8 ‘Maidir leis an achainí ó Dhúma Stáit Thionól Cónaidhme Chónaidhm na Rúise chuig Uachtarán Chónaidhm na Rúise V.V. Putin maidir leis an ngá aitheantas a thabhairt do Dhaon-Phoblacht Donetsk agus do Dhaon-Phoblacht Luhansk’ agus a thacaigh dá bhrí sin le gníomhaíochtaí agus beartais, agus a chuir gníomhaíochtaí agus beartais chun feidhme, ar gníomhaíochtaí agus beartais iad a bhaineann an bonn d’iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine, agus a dhíchobhsaíonn an Úcráin a thuilleadh.	23.2.2022
548.	Evgeny Alexeyevich PERVYSHOV (Евгений Алексеевич ПЕРВЫШОВ)	Dáta breithe: 4.5.1976 Inscne: fireann	Comhalta den Dúma Stáit a vótáil i bhfabhar rún Uimh. 58243-8 ‘Maidir leis an achainí ó Dhúma Stáit Thionól Cónaidhme Chónaidhm na Rúise chuig Uachtarán Chónaidhm na Rúise V.V. Putin maidir leis an ngá aitheantas a thabhairt do Dhaon-Phoblacht Donetsk agus do Dhaon-Phoblacht Luhansk’ agus a thacaigh dá bhrí sin le gníomhaíochtaí agus beartais, agus a chuir gníomhaíochtaí agus beartais chun feidhme, ar gníomhaíochtaí agus beartais iad a bhaineann an bonn d’iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine, agus a dhíchobhsaíonn an Úcráin a thuilleadh. An 4 Samhain 2024, cheap Uachtarán Chónaidhm na Rúise é mar ghobharnóir réigiún Tambov.	23.2.2022

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
561.	Aleksandr Sergeevich PROKOPYEV (Александр Сергеевич ПРОКОПЬЕВ)	Dáta breithe: 5.8.1986 Inscne: fireann	Comhalta den Dúma Stáit a vótáil i bhfabhar rún Uimh. 58243-8 ‘Maidir leis an achainí ó Dhúma Stáit Thionól Cónaidhme Chónaidhm na Rúise chuig Uachtarán Chónaidhm na Rúise V.V. Putin maidir leis an ngá aitheantas a thabhairt do Dhaon-Phoblacht Donetsk agus do Dhaon-Phoblacht Luhansk’ agus a thacaigh dá bhrí sin le gníomhaíochtaí agus beartais, agus a chuir gníomhaíochtaí agus beartais chun feidhme, ar gníomhaíochtaí agus beartais iad a bhaineann an bonn d’iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine, agus a dhíchobhsaíonn an Úcráin a thuilleadh. Ceapadh mar Leas-Phríomh-Aire agus mar Aire um Fhorbairt Eacnamaíoch Phoblacht Altai é i mí an Mheithimh 2024.	23.2.2022
632.	Alexander Evseyevich KHINSHTEIN (Александр Евсеевич ХИНСШТЕЙН)	Dáta breithe: 26.10.1974 Inscne: fireann	Iarchomhalta den Dúma Stáit a dhaingnigh cinntí rialtais maidir leis an ‘Conradh Cairdis, Comhair agus Cúnaimh Fhrithpháirtigh idir Cónaidhm na Rúise agus Daon-Phoblacht Donetsk’ agus an ‘Conradh Cairdis, Comhair agus Cúnaimh Fhrithpháirtigh idir Cónaidhm na Rúise agus Daon-Phoblacht Luhansk’. Gobharnóir Gníomhach Réigiún Kursk ón 5 Nollaig 2024.	25.2.2022

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
634.	Dmitry Anatolievich KHUBEZOV (Дмитрий Анатольевич ХУБЕЗОВ)	Dáta breithe: 20.12.1971 Inscne: fireann	Iarchomhalta den Dúma Stáit a dhaingnigh cinntí rialtais maidir leis an ‘Conradh Cairdis, Comhair agus Cúnaimh Fhrithpháirtigh idir Cónaidhm na Rúise agus Daon-Phoblacht Donetsk’ agus an ‘Conradh Cairdis, Comhair agus Cúnaimh Fhrithpháirtigh idir Cónaidhm na Rúise agus Daon-Phoblacht Luhansk’. I mí Dheireadh Fómhair 2024, ceapadh mar Aire Sláinte agus mar Leas-Cheann Phoblacht Altai é.	25.2.2022
638.	Grigory Vladimirovich SHILKIN (Григорий Владимирович ШИЛКИН)	Dáta breithe: 20.10.1976 Inscne: fireann	Iarchomhalta den Dúma Stáit a dhaingnigh cinntí rialtais maidir leis an ‘Conradh Cairdis, Comhair agus Cúnaimh Fhrithpháirtigh idir Cónaidhm na Rúise agus Daon-Phoblacht Donetsk’ agus an ‘Conradh Cairdis, Comhair agus Cúnaimh Fhrithpháirtigh idir Cónaidhm na Rúise agus Daon-Phoblacht Luhansk’.	25.2.2022

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
640.	Elena Alexandrovna YAMPOLSKAYA (Елена Александровна ЯМПОЛЬСКАЯ)	Dáta breithe: 20.6.1971 Inscne: baineann	Iarchomhalta den Dúma Stáit a dhaingnigh cinntí rialtais maidir leis an ‘Conradh Cairdis, Comhair agus Cúnaimh Fhrithpháirtigh idir Cónaidhm na Rúise agus Daon-Phoblacht Donetsk’ agus ‘Conradh Cairdis, Comhair agus Cúnaimh Fhrithpháirtigh idir Cónaidhm na Rúise agus Daon-Phoblacht Luhansk’. Comhairleoir Uachtarán Chónaidhm na Rúise ón 14 Bealtaine 2024 i leith.	25.2.2022

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
678.	Dmitry Nikolaevich CHERNYSHENKO (Дмитрий Николаевич ЧЕРНЫШЕНКО)	Dáta breithe: 20.9.1968 Áit bhreithe: Saratov, an Rúis Feidhm: Leas-Phríomh-Aire na Rúise atá freagrach as Turasóireacht, Spórt, Cultúr agus Cumarsáid; Iarchomhalta de Bhord Stúirthóirí Russian Railways Inscne: fireann	Is é Dmitry Chernyshenko Leas-Phríomh-Aire na Rúise atá freagrach as Turasóireacht, Spórt, Cultúr agus Cumarsáid agus, go dtí mí an Mheithimh 2024, bhí sé ina chomhalta de Bhord Stiúrthóirí Russian Railways, arna cheapadh ag Rialtas Chónaidhm na Rúise sa phost seo. I mí Dheireadh Fómhair 2021, chuir an Rúis tús le méadú míleata nach bhfacthas a leithéid riamh roimhe seo ar theorainn na hÚcráine nó gar di agus laistigh de réigiún na Crimé atá faoi fhorghabháil san Úcráin. Rinne Fórsaí Armtha na Rúise freachnaimh mhíleata ar scála mór ansin. Dá thoradh sin, géaraíodh ar an gcoinbhleacht agus cuireadh brú díchobhsaitheach ar an Úcráin. Iompraíodh pearsanra míleata agus trealamh míleata de chuid Fhórsaí Armtha na Rúise go dtí na limistéir gar do theorainn na hÚcráine ag Russian Railways, a bhfuil Chernyshenko ina chomhalta den Bhord Stiúrthóirí. An 24 Feabhra 2022, thug an Rúis fogha míleata iomlán faoin Úcráin. Dá bhrí sin, tá sé freagrach as a bheith ag tacú go gníomhach le gníomhaíochtaí nó as beartais nó as iad a chur chun feidhme, ar gníomhaíochtaí nó beartais iad a bhaineann an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine, agus a chuireann cobhsaíocht agus slándáil san Úcráin i mbaol.	28.2.2022

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
680.	Vitaly Gennadyevich SAVELYEV (Виталий Геннадьевич САВЕЛЬЕВ)	Dáta breithe: 18.1.1954 Áit bhreithe: Tashkent, an Úisbéiceastáin Feidhm: Leas-Phríomh-Aire Iompair na Rúise; Comhalta de Bhord Stiúrthóirí Russian Railways, cathaoirleach an Bhoird faoi láthair; Aire Iompair na Rúise ó 2020 i leith; IarPOF Aeroflot Inscne: fireann	Is é Vitaly Savelyev Leas-Phríomh-Aire Iompair na Rúise, a bhí ina Aire Iompair i gCónaidhm na Rúise roimhe sin. Is comhalta é de Bhord Stiúrthóirí Russian Railways, arna cheapadh ag Rialtas Chónaidhm na Rúise, agus is é atá ina chathaoirleach ar an mBord faoi láthair. Is iarPOF Aeroflot é. I mí Dheireadh Fómhair 2021, chuir an Rúis tús le méadú míleata nach bhfacthas a leithéid riamh roimhe seo ar theorainn na hÚcráine nó gar di agus laistigh de réigiún na Crimé atá faoi fhorghabháil san Úcráin. Rinne Fórsaí Armtha na Rúise freachnaimh mhíleata ar scála mór ansin. Dá thoradh sin, géaraíodh ar an gcoinbhleacht agus cuireadh brú díchobhsaitheach ar an Úcráin. Iompraíodh pearsanra míleata agus trealamh míleata Fórsaí Armtha na Rúise go dtí na limistéir gar do theorainn na hÚcráine ag Russian Railways, dá bhfuil Savelyev ina chomhalta den Bhord Stiúrthóirí.	28.2.2022

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
			<p>Chuir Aeroflot, faoi cheannaireacht Savelyev, aeriompar paisinéirí rialta idir aerfoirt na Rúise agus aerfort idirnáisiúnta Simferopol ar fáil, agus dá bhrí sin, thacaigh sé le comhdhlúthú leithinis na Crimé a ionghabhadh go neamhdhleathach i gCónaidhm na Rúise, rud a bhain an bonn a thuilleadh d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráin.</p> <p>Dá bhrí sin, tá sé freagrach as a bheith ag tacú go gníomhach le gníomhaíochtaí nó as beartais nó as iad a chur chun feidhme, ar gníomhaíochtaí nó beartais iad a bhaineann an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine, agus a chuireann cobhsaíocht agus slándáil san Úcráin i mbaol.</p>	

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
681.	<p>Andrey Anatolyevich TURCHAK (Андрей Анато́льевич ТУРЧАК)</p>	<p>Dáta breithe: 20.12.1975 Áit bhreithe: Leningrad, APSS (Cathair Pheadair, Cónaidhm na Rúise anois) Feidhm: Gobharnóir phoblacht Altai i gCónaidhm na Rúise; Leas-Rúnaí Ardchomhairle an pháirtí 'United Russia'; Iarchéad leas-spéicéir ar an gComhairle Cónaidhme Inscne: fireann</p>	<p>Ba é Andrey Turchak rúnaí Ardchomhairle an pháirtí United Russia agus an chéad leas-chainteoir sa Chomhairle Cónaidhme roimhe seo. Is gobharnóir phoblacht Altai na Rúise é faoi láthair. Baineann a rath polaitiúil lena athair, Anatoly Turchak, a fuair oiliúint júdó le hUachtarán Chónaidhm na Rúise Vladimir Putin agus le deartháireacha Rotenberg. Chuir sé dearcadh dearfach chun cinn maidir le haitheantas a thabhairt do na 'Daon-Phoblachtaí' scarúnaíocha, Donetsk agus Luhansk, mar a ghairtear díobh.</p> <p>D'iarr sé ar údaráis na Rúise ard-armáin a chur ar fáil do na fórsaí scarúnaíocha atá ar son na Rúise i réigiún Donbas. Dúirt sé go poiblí nach raibh sé indéanta coimhlint Donbas a réiteach ar bhealach síochánta le húdaráis na hÚcráine. Mhaígh sé gan bhunús go raibh ionsaí míleata beartaithe ag an Úcráin in Donbas. Chuaigh sé i mbun caibidlíocht le Denis Pushilin, ceannaire an réigiúin scarúnaíoch, 'Daon-Phoblacht Donetsk', mar a ghairtear di. Thug sé cuairt ar phointe slógaidh de chuid na bhfórsaí armtha scarúnaíocha i limistéar túslíne Donbas chun comhghairdeas a dhéanamh go pearsanta le saighdiúirí an réigiúin scarúnaíoch, 'Daon-Phoblacht Donetsk', mar a ghairtear di, ar 'Defender of the Fatherland Day'. Chosain sé go poiblí cinneadh na Rúise 'poblachtaí' scarúnaíocha Donbas a aithint. Dúirt sé gur cuma leis an Rúis faoi smachtbhannaí an Iarthair.</p>	28.2.2022

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
			<p>Ceapadh é mar cheannaire ar ghrúpa um chomhordú parlaiminteach arb é a phríomhchúram soláthar arm na Rúise a fheabhsú agus an reachtaíocht is gá a ullmhú.</p> <p>Dá bhrí sin, tá sé freagrach as a bheith ag tacú go gníomhach le gníomhaíochtaí nó as beartais nó as iad a chur chun feidhme, ar gníomhaíochtaí nó beartais iad a bhaineann an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine, agus a chuireann cobhsaíocht agus slándáil san Úcráin i mbaol.</p>	

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
690.	Sergei Mikhailovich PINCHUK (Сергей Михайлович ПИНЧУК)	Dáta breithe: 26.7.1971 Áit bhreithe: Áit bhreithe: Sevastopol, PSS na hÚcráine (an Úcráin anois) Feidhm: Aimiréal, Ardcheannasaí ar Chabhloch na Mara Duibhe Inscne: fireann	Is Aimiréal Ard-Cheannasaí ar Chabhloch na Mara Duibhe, atá faoi réir Dhúiche Mhíleata an Deiscirt de chuid Fhórsaí Armtha na Rúise, é Sergey Pinchuk, agus bhí baint aige le gníomhaíochtaí míleata i gcoinne na hÚcráine. Ó lár mhí Dheireadh Fómhair 2021, chuir fórsaí míleata na Rúise tús le méadú míleata nach bhfacthas a leithéid riamh roimhe seo ar theorainn na hÚcráine nó gar di agus laistigh de réigiún na Crimé atá faoi fhorghabháil san Úcráin. I ndáil leis sin, tá a lán breathnóirí agus lucht déanta beartas tar éis a n-inní a chur in iúl faoi ionradh nua nó gníomhaíochtaí foghacha eile a d'fhéadfadh an Rúis a dhéanamh ar an Úcráin. Ghlac fórsaí Chabhloch na Mara Duibhe páirt i ndruileanna míleata ar mórscála gar do theorainn na hÚcráine agus laistigh di.	28.2.2022

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
			<p>Tar éis chinneadh Vladimir Putin aitheantas a thabhairt do ‘Daon-Phoblacht Donetsk’ agus ‘Daon-Phoblacht Luhansk’, mar a ghairtear díobh, chuaigh saighdiúirí Dhúiche Mhíleata an Deiscirt isteach i gcríoch an dá phoblacht fhéinfhogartha sin. Nuair a sheol an Rúis ionradh míleata iomlán ar an Úcráin an 24 Feabhra 2022, rinne trúpaí de chuid na Rúise ó Chabhloch na Mara Duibhe oibríochtaí tuirlingthe in Mariupol agus Odessa.</p> <p>Dá bhrí sin, tá Sergei Pinchuk freagrach as a bheith ag tacú go gníomhach le gníomhaíochtaí nó le beartais, nó as iad a chur chun feidhme, lena mbaintear an bonn d’iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine, chomh maith le cobhsaíocht agus slándáil san Úcráin, nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí nó beartais sin ar an méid sin.</p>	

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
692.	Rustam Usmanovich MURADOV (Рустам Усманович МУРАДОВ)	Dáta breithe: 21.3.1973 Áit bhreithe: Dagestan, APSS (Cónaidhm na Rúise anois) Feidhm: Coirnéal Ginearál, an Chéad Leas-Ardcheannasaí ar Fhórsaí Talún na Rúise, Iar-Cheannasaí ar Dhúiche Mhíleata an Oirthir, Iar-Leas-Cheannasaí ar Cheantar Míleata an Deiscirt Inscne: fireann	Is Coirnéal Ginearál agus an Chéad Leas-Ardcheannasaí ar Fhórsaí Talún na Rúise é Rustam Muradov. Is Iar-Cheannasaí ar Dhúiche Mhíleata an Oirthir é freisin. Ba leas-cheannasaí ar Dhúiche Mhíleata an Deiscirt é roimhe sin, a bhí páirteach i ngníomhaíochtaí míleata i gcoinne na hÚcráine. I mí Iúil 2022 ainmníodh é mar cheannasaí ar ghrúpa fórsaí na Rúise ‘Vostok’ atá ag feidhmiú san Úcráin.	28.2.2022

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
			<p>Le déanaí tá Dúiche Mhíleata an Deiscirt tar éis díriú go príomha ar an Úcráin. Mar gheall air sin, bunaíodh an 8ú Arm nua agus cuireadh le láithreach an District ar chríoch leithinis na Crimé a ionghabhadh go neamhdhleathach. Ó lár mhí Dheireadh Fómhair 2021, chuir fórsaí míleata na Rúise tús le méadú míleata nach bhfacthas a leithéid riamh roimhe seo ar theorainn na hÚcráine nó gar di agus laistigh de réigiún na Crimé atá faoi fhorghabháil san Úcráin. I ndáil leis sin, tá a lán breathnóirí agus lucht déanta beartas tar éis a n-ímní a chur in iúl faoi ionradh nua nó gníomhaíochtaí foghacha eile a d'fhéadfadh an Rúis a dhéanamh ar an Úcráin. Rinne trúpaí ó Dhúiche Mhíleata an Deiscirt druileanna míleata i gceantair timpeall ar an Úcráin agus bhog siad grúpaí oirbheartaíochta airtléire agus cathláin isteach i leithinis na Crimé. Rinne Dúiche Mhíleata an Deiscirt maoirseacht freisin ar chleachtaí míleata fhórsaí armtha 'poblachtaí' scarúnaíocha. Tar éis chinneadh Uachtarán Chónaidhm na Rúise Vladimir Putin aitheantas a thabhairt do 'Daon-Phoblacht Donetsk' agus 'Daon-Phoblacht Luhansk', mar a ghairtear díobh, chuaigh saighdiúirí Dhúiche Mhíleata an Deiscirt isteach i gcíoch an dá phoblacht fhéinfhógartha sin. An 24 Feabhra 2022 sheol an Rúis ionradh míleata iomlán ar an Úcráin.</p> <p>Dá bhrí sin, tá Rustam Muradov freagrach as tacú go gníomhach le gníomhaíochtaí nó le beartais, nó as iad a chur chun feidhme, lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine, chomh maith le cobhsaíocht agus slándáil san Úcráin, nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí nó beartais sin ar an méid sin.</p>	

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
694.	Gennady Nikolayevich TIMCHENKO (Геннадий Николаевич ТИМЧЕНКО)	Dáta breithe: 9.11.1952 Áit bhreithe: Leninakan, APSS (Gyumri, an Airméin anois) Náisiúntacht: Airméanach, Rúiseach, Fionlannach Feidhm: Úinéir an ghrúpa phríobháidigh infheistíochta Volga Group Inscne: fireann	Tá seanaithne ag Gennady Timchenko ar Uachtarán Chónaidhm na Rúise Vladimir Putin agus déantar cur síos ginearálta air mar dhuine dá rúnchairde. Tá sé ag baint tairbhe as na naisc atá aige le cinnteoirí na Rúise. Is bunaitheoir agus scairshealbhóir é de chuid Volga Group, grúpa infheistíochta a bhfuil punann infheistíochtaí aige i bpríomhearnálacha gheilleagar na Rúise. Cuireann Grúpa Volga go mór le geilleagar na Rúise agus lena forbairt. Is scairshealbhóir de chuid Bank Rossiya é freisin, a mheastar gur banc Putin agus a chomhpháiríthe é. Ó ionghabhadh an Chrimé go mídhleathach, tá brainsí oscailte ag Bank Rossiya ar fud na Crimé agus Sevastopol, rud a dhaingníonn a lánpháirtiú i gCónaidhm na Rúise. Thairis sin, tá scaireanna ag Bank Rossiya sa National Media Group, cuideachta sealbhaíochta meán a rialaíonn 28 bhfiontar meán sa Rúis a bhfuil bolscaireacht agus bréagaisnéis á scaipeadh go gníomhach acu a bhaineann le cogadh foghach na Rúise ar an Úcráin.	28.2.2022

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
			<p>Anuas air sin, is é Gennady Timchenko an dara scairshealbhóir is mó in PAO Novatek, ceann de na táirgeoirí gás is mó sa Rúis.</p> <p>Is Cathaoirleach ar Chomhairle Gnó na Rúise-na Síne é freisin. Sa cháil sin, ghlac sé páirt sa chuairt stáit a thug Uachtarán Chónaidhm na Rúise Vladimir Putin ar an tSín i mí na Bealtaine 2024, agus pléadh an staid san Úcráin le linn na cuairte sin.</p> <p>Dá bhrí sin, is príomhphearsa gnó é a bhíonn ag feidhmiú sa Rúis agus duine gnó a bhfuil baint aige le hearnálacha eacnamaíocha a sholáthraíonn foinse shuntasach ioncaim do Rialtas Chónaidhm na Rúise, atá freagrach as ionghabháil na Crimé agus as díchobhsú na hÚcráine. Tá sé freagrach freisin as tacú le gníomhaíochtaí agus beartais a bhaineann an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine.</p> <p>Tá sé freagrach freisin as tacaíocht a thabhairt, go hábhartha nó ó thaobh airgeadais de, agus as tairbhe a bhaint as cinnteoirí na Rúise atá freagrach as ionghabháil na Crimé agus as díchobhsú na hÚcráine.</p>	

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
695.	Alexey Alexandrovits MORDASCHOV (Алексей Александрович МОРДАШОВ)	Dáta breithe: 26.9.1965 Áit bhreithe: Cherepovets, APSS (Cónaidhm na Rúise anois) Feidhm: Cathaoirleach Severstal agus Severgroup Náisiúntacht: Rúiseach Inscne: fireann Comhlaigh: Yuriy Kovalchuk; Nikolay Shamalov	Is pearsa ghnó Rúiseach é Alexey Mordashov a bhfuil dlúthnaisc aige le rialtas na Rúise. An 24 Feabhra 2022, tar éis na gcéimeanna tosaigh de chogadh foghach na Rúise ar an Úcráin, bhuail Alexey Mordashov, mar aon le 36 phearsa ghnó eile, le hUachtarán Chónaidhm na Rúise Vladimir Putin agus le comhaltaí eile de rialtas na Rúise chun plé a dhéanamh ar thionchar na mbeart a rinneadh tar éis smachtbhannaí an Iarthair. Ós rud é gur tugadh cuireadh dó freastal ar an gcruinniú seo, is léir gur comhalta é de dhlúthchiorcal Uachtarán Chónaidhm na Rúise, Vladimir Putin. Ina theannta sin, bhí sé ar na pearsana gnó Rúiseacha a ghlac páirt i gcomhdháil Aontas na Rúise de lucht tionscail agus fiontair i mí an Mhárta 2023, áit ar thug Uachtarán Chónaidhm na Rúise Vladimir Putin óráid inar thathantaigh sé ar lucht an ollrachmais an tírghrá a chur roimh an mbrabús. Is é Alexey Mordashov cathaoirleach agus scairshealbhóir tromlaigh na cuideachta Severgroup, cuideachta infheistíochta phríobháideach a bhfuil punann éagsúlaithe sócmhainní aici, lena n-áirítear grúpa cuideachtaí Cordiant, ceann de phríomh-mhonoróirí bonn, comhpháirteanna uathoibríocha, trealaimh theirmigh agus uirlisí cumhachta na Rúise, agus a n-oibríonn a fhochuideachta, Severstal, san earnáil cruach agus mianadóireachta agus a sholáthraíonn táirgí cruach speisialta don tionscal míleata, lena n-áirítear cruach armúrtha.	28.2.2022

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
			<p>Dá bhrí sin, is príomhphearsa gnó é a bhíonn ag feidhmiú sa Rúis agus atá rannpháirteach in earnálacha eacnamaíocha ar foinse shuntasach ioncaim iad do rialtas Chónaidhm na Rúise, atá freagrach as ionghabháil na Crimé agus as díchobhsú na hÚcráine.</p> <p>Thairis sin, tacaíonn Alexey Mordashov le gníomhaíochtaí agus beartais, agus cuireann sé chun feidhme iad, lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine agus ar bagairt iad na gníomhaíochtaí agus beartais sin ar an méid sin.</p>	

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
719.	Alexander Dmitrievich PUMPYANSKY (Александр Дмитриевич ПУМПЯНСКИЙ)	Dáta breithe: 16.5.1987 Áit bhreithe: Yekaterinburg, APSS (Cónaidhm na Rúise anois) Feidhm: iarChathaoirleach Bhord Stiúrthóirí PJSC Pipe Metallurgical Company Náisiúntacht: Rúiseach Inscne: fireann	Is mac é Alexander Pumpyansky le Dmitry Pumpyansky. Is duine gnó Rúiseach é Dmitry Pumpyansky, Comhchathaoirleach ar an gCoiste um Beartas Tionsclaíoch agus Rialáil Theicniúil de chuid RSPP, an Coiste um Rialáil Theicniúil anois agus Uachtarán Aontas Réigiúnach Lucht Tionscail agus Fiontair Sverdlovsk (SOSPP) agus iarchomhalta de Chomhairle an Chomhaltais Tráchtála agus Tionscail (CCI) de chuid Chónaidhm na Rúise. Is iarChathaoirleach ar Bhord Stiúrthóirí PJSC Pipe Metallurgical Company, monaróir domhanda Rúiseach a tháirgeann píopaí cruach don tionscal ola agus gás, é Dmitry Pumpyansky freisin agus iarUachtarán agus iarchomhalta boird de Group Sinara. Tacaíonn an dá chuideachta le húdaráis Chónaidhm na Rúise agus fiontair atá faoi úinéireacht Stáit, Russian Railways, Gazprom, Rosneft san áireamh, agus baineann siad tairbhe as comhar leo. Mar gheall ar a chaidreamh teaghlaigh le Dmitry Pumpyanskiy, d'fhóin Alexander Pumpyansky ar Bhord Stiúrthóirí PJSC Pipe Metallurgical Company agus Group Sinara. Tá sócmhainní suntasacha ag Alexander agus Dmitry Pumpyansky beirt tríd an úinéireacht is tairbhiúla atá acu ar an gcuideachta sealbhaíochta Furdberg Holding Limited agus tríd na poist freagrachta atá acu sa chuideachta.	9.3.2022

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
			<p>Agus iad ag meas go n-áireofaí iad san Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh 2014/145/CBES, chomhordaigh Alexander agus Dmitry Pumpyansky a bhfreagairt trí éirí as a bpoist in PJSC Pipe Metallurgical Company agus Group Sinara ag an am céanna. Bhain Alexander Pumpyansky tairbhe shuntasach airgeadais as na cuideachtaí sin an tráth sin.</p> <p>Chomhordaigh Alexander agus Dmitry Pumpyansky a bhfreagairt ar bhearta sriantacha an Aontais arís trí rialú ainmniúil sócmhainní a bhí faoi úinéireacht Furdberg Holding Limited roimhe sin a ghéilleadh do dhaoine a raibh dlúthbhaint acu leo.</p> <p>Is gargaol é Alexander Pumpyansky, dá bhrí sin, a bhaineann tairbhe as a athair, Dmitry Pumpyansky, mórphearsa ghnó a bhíonn ag feidhmiú sa Rúis, ag a bhfuil baint le hearnálacha eacnamaíocha lena gcuirtear foinse shuntasach ioncaim ar fáil do Rialtas Chónaidhm na Rúise, atá freagrach as ionghabháil na Crimé agus as díchobhsú na hÚcráine. Leanann Alexander agus Dmitry Pumpyansky dá bhfreagairt ar bhearta sriantacha an Aontais agus ar bhainistiú na sócmhainní atá acu beirt a chomhordú.</p>	

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
722.	Dmitry Alexandrovich PUMPYANSKY (ar a dtugtar freisin Dmitry A. PUMPIANSKY) (Дмитрий Александрович ПУМПЯНСКИЙ)	Dáta breithe: 22.3.1964 Áit bhreithe: Ulan-Ude, APSS (Cónaidhm na Rúise anois) Feidhm: Uachtarán ar Aontas réigiúnach lucht tionscail agus fiontair Sverdlovsk; iarLeas-Uachtarán ar Bhiúró Bhord Aontas na Rúise de Lucht Tionscail agus Fiontair; Comhchathaoirleach ar an gCoiste um Beartas Tionsclaíoch agus Rialáil Theicniúil de chuid RSPP, Coiste um Rialáil Theicniúil anois Náisiúntacht: Rúiseach Inscne: fireann	Tá Dmitry Pumpyansky ar dhuine de phríomhphearsana gnó na Rúise a bhíonn ag feidhmiú sa Rúis. Sa 2 bhliain go dtí mí na Bealtaine 2025, d'éirigh sé an-saibhir, rud a thagann salach ar a dhearbhu nach bhfuil baint aige le gnó a thuilleadh. Tá Dmitry Pumpyansky ina Chomhchathaoirleach ar an gCoiste um Beartas Tionsclaíoch agus Rialáil Theicniúil de chuid RSPP, an Coiste um Rialáil Theicniúil anois. Oibríonn RSPP i gcomhar go gníomhach le rialtas na Rúise chun pleananna eacnamaíocha na Rúise a fhorbairt. Tá Dmitry Pumpyansky ina Uachtarán ar Aontas réigiúnach lucht tionscail agus fiontair Sverdlovsk. Bhí poist shinsearacha aige i bhfiontair mhíotalóireachta mhóra de chuid na Rúise. Is iarChathaoirleach ar bhord stiúrthóirí TMK PAO, agus iarUachtarán agus comhalta boird Sinara Group é. Sa dá cháil sin, thacaigh sé le húdaráis Chónaidhm na Rúise agus fiontair atá faoi úinéireacht Stáit, iarnróid na Rúise, Gazprom, Rosneft san áireamh, agus bhain sé tairbhe as comhar leo. Is é a rialaíonn TMK agus Group Sinara <i>de facto</i> fós.	9.3.2022

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
			<p>An 24 Feabhra 2022, tar éis na gcéimeanna tosaigh de chogadh foghach na Rúise ar an Úcráin, bhuail Dmitry Pumpyansky, mar aon le 36 phearsa ghnó eile, le hUachtarán Chónaidhm na Rúise Vladimir Putin agus le comhaltaí eile de rialtas na Rúise chun plé a dhéanamh ar thionchar na mbeart a rinneadh tar éis smachtbhannaí an Iarthair. Ós rud é gur tugadh cuireadh dó freastal ar an gcruinniú seo is léir gur comhalta é de dhlúthchiorcal Uachtarán Chónaidhm na Rúise Vladimir Putin agus go bhfuil sé ag tacú le gníomhaíochtaí nó beartais, nó ag cur gníomhaíochtaí nó beartais chun feidhme, lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine, mar aon leis an gcobhsaíocht agus leis an slándáil san Úcráin, nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí nó beartais sin ar an méid sin.</p> <p>Ina theannta sin, bronnadh Ord Fiúntais air don Athartha, céim IV, Ord na hOnóra. Bhí sé ar na pearsana gnó Rúiseacha a ghlac páirt i gcomhdháil Aontas na Rúise de lucht tionscail agus fiontair i mí an Mhárta 2023, áit ar thug Uachtarán Chónaidhm na Rúise, Vladimir Putin óráid inar thathantaigh sé ar lucht an ollrachmais 'an tírghrá a chur roimh an mbrabús'.</p> <p>Léiríonn sé sin freisin gur príomhphearsa ghnó é a oibríonn sa Rúis agus duine gnó atá rannpháirteach in eárnálacha eacnamaíocha ar foinse shuntasach ioncaim iad do rialtas na Rúise, atá freagrach as ionghabháil na Crimé agus as díchobhsú na hÚcráine.</p>	

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
724.	Galina Evgenyevna PUMPYANSKAYA (Галина Евгеньевна ПУМПЯНСКАЯ)	Dáta breithe: 10.2.1966 Náisiúntacht: Rúiseach Inscne: baineann	<p>Is í Galina Pumpyanskaya céile Dmitry Pumpyansky, príomhphearsa ghnó Rúiseach agus Uachtarán Aontas réigiúnach Lucht Tionscail agus Fiontair Sverdlovsk (SOSPP).</p> <p>Tá a fear céile ina Chomhchathaoirleach ar an gCoiste um Beartas Tionsclaíoch agus Rialáil Theicniúil de chuid RSPP, an Coiste um Rialáil Theicniúil anois. Is iarChathaoirleach ar bhord stiúrthóirí PJSC Pipe Metallurgic Company é freisin, agus is iarUachtarán agus iarchomhalta boird Sinara Group é. Tacaíonn an dá chuideachta le húdaráis Chónaidhm na Rúise agus fiontair atá faoi úinéireacht Stáit, iarnróid na Rúise, Gazprom agus Rosneft san áireamh, agus baineann siad tairbhe as comhar leo.</p> <p>D’ainneoin go maíonn sí go bhfuil sí tar éis ‘éirí go neamhchoinníollach agus go neamh-inchúlghairthe’ as a gníomhaíochtaí carthanachta in Sinara Charitable Foundation i mí Eanáir 2023, fós féin cuireadh Galina Pumpyanskaya i láthair mar Chathaoirleach ar Bhord Iontaobhaithe na Fondúireachta i bhfad tar éis an dáta sin, agus ar an gcaoi sin, bhí baint aici fós le gníomhaíochtaí poiblí agus gnó.</p> <p>Dá bhrí sin, is gargaol í Galina Pumpyanskaya a bhaineann tairbhe as a fear céile Dmitry Pumpyansky.</p>	9.3.2022

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
730.	Andrey Andreevich GURYEV (Андрей Андреевич ГУРЬЕВ)	Dáta breithe: 7.3.1982 Áit bhreithe: Moscó, APSS (Cónaidhm na Rúise anois) Feidhm: Príomhoifigeach feidhmiúcháin agus Cathaoirleach bhord bainistíochta PJSC PhosAgro; tá sé ag obair le PhosAgro ó 2004 i leith, i bpoist éagsúla; Comhalta de Bhord Bainistíochta Aontas na Rúise de lucht tionscail agus fiontair (RSPP) ón 30 Meán Fómhair 2019 Náisiúntacht: Rúiseach Inscne: fireann	Is scairshealbhóir in PJSC PhosAgro é Andrey Guryev; is comhalta é de Bhiúró Bhord Aontas na Rúise de lucht tionscail agus fiontair (RSPP); ceann an Choiste RSPP um Fhreagracht Shóisialta Chorparáideach agus um Fhorbairt Inbhuanaithe, eagraíocht a dhéanann ionadaíocht ar leasanna lucht gnó, lena n-áirítear in earnáil na leasachán, sa Rúis agus go hidirnáisiúnta; agus Uachtarán Chomhlachas Táirgeoirí Leasacháin na Rúise, eagraíocht a bhunaigh na táirgeoirí is mó sa Rúis de leasacháin mhianracha chun a leasanna a chur chun cinn sa Rúis agus go hidirnáisiúnta. Tá baint aige freisin le AgroGard, gabháltas talmhaíochta Rúiseach, trí iontaobhas a dhéanann infheistíocht sa chuideachta. Is í an Rúis an t-onnmhaireoir is mó de leasacháin ar domhan agus tá PhosAgro ar cheann de na príomhtháirgeoirí leasacháin atá bunaithe ar fhosfáití. Ina theannta sin, is earnáil í earnáil na talmhaíochta a chuireann an-chuid ioncam ar fáil do Rialtas na Rúise. Dá bhrí sin, is príomhphearsa ghnó é Andrey Guryev a bhíonn ag feidhmiú sa Rúis agus fear gnó atá rannpháirteach in earnáil eacnamaíoch ar foinse shuntasach ioncaim í do rialtas Chónaidhm na Rúise, atá freagrach as ionghabháil na Crimé agus as díchobhsú na hÚcráine.	9.3.2022

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
852.	Oleg Polikarpovich TKACH (Олег Поликарпович ТКАЧ)	Dáta breithe: 23.9.1967 Inscne: fireann	IarChomhalta den Chomhairle Cónaidhme a dhaingnigh cinntí rialtais maidir leis an ‘Conradh Cairdis, Comhair agus Cúnaimh Fhrithpháirtigh idir Cónaidhm na Rúise agus “Daon-Phoblacht Donetsk”’ agus an “Conradh Cairdis, Comhair agus Cúnaimh Fhrithpháirtigh idir Cónaidhm na Rúise agus “Daon-Phoblacht Luhansk”’. Is é Oleg Tkach a bhunaigh teach foilsitheoireachta OLMA, ar a dtugtar OLMA Media Group anois. Trí chóras ina ndealraítear go ndearnadh athrú ar úinéireacht, tá smacht agus tionchar aige fós ar an ngnó a dhéanann OLMA Media Group, agus go háirithe an teach foilsitheoireachta ‘Enlightenment’, atá mar chuid de OLMA Media Group agus a bhfuil baint dhíreach aige, ó 2022 i leith, le cogadh foghach na Rúise ar an Úcráin a chur chun cinn. Thacaigh Oleg Tkach, dá bhrí sin, le gníomhaíochtaí nó beartais a bhaineann an bonn d’iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí agus na beartais sin ar an méid sin, agus chuir sé na gníomhaíochtaí agus na beartais sin chun feidhme.	9.3.2022

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
882.	<p>Alexey Viktorovich KUZMICHEV</p> <p>(ar a dtugtar freisin Alexey Viktorovich KUZMICHOV)</p> <p>(Rúisis: Алексей Викторович КУЗЬМИЧЁВ)</p>	<p>Feidhm: Príomhphearsa ghnó; duine de phríomh-scairshealbhóirí Alfa Group</p> <p>Dáta breithe: 15.10.1962</p> <p>Áit bhreithe: Kirov, APSS (Cónaidhm na Rúise anois)</p> <p>Náisiúntacht: Rúiseach</p> <p>Inscne: fireann</p> <p>Daoine aonair comhlachaithe: Mikhail Fridman, Petr Aven, German Khan</p> <p>Eintitis chomhlachaithe: Alfa Group, Alfa Bank</p>	<p>Is scairshealbhóir mór de Alfa Group Consortium é Alexey Kuzmichev. Tá sé i measc na ndaoine is mó tionchar sa Rúis.</p> <p>Tá scairsheilbh shuntasach ag Kuzmichev in X5 Retail Group freisin, ceann de na cuideachtaí miondíola is tábhachtaí sa Rúis, agus in Rosvodokanal, cuideachta eile de Alfa Group Consortium atá ar cheann de na príomhoibreoirí príobháideacha fónais uisce sa Rúis.</p> <p>Ina theannta sin, meastar aistriú a scaireanna in A1, atá mar chuid de Alfa Group, a bheith ina aistriú samhailteach.</p> <p>Soláthraíonn an chuideachta árachais AlfaStrakhovanie, fochuideachta den Alfa Group Consortium, árachas d'fheithiclí Sheirbhís Chónaidhme Gharda Náisiúnta Chónaidhm na Rúise (Rosgvardia), a n-oibríonn a n-aonaid sna réigiúin atá faoi fhorghabháil san Úcráin atá faoi rialú na Rúise, chomh maith le feithiclí a úsáideann gardaí cosanta Uachtarán Chónaidhm na Rúise Vladimir Putin.</p> <p>Chuir AlfaStrakhovanie árachas ar fáil do chuideachtaí mar shampla JSC Kalashnikov Concern agus Central Scientific-Research Institute for Precision Machine Engineering (TsNIITochMash), a bhfuil a n-airm á n-úsáid go forleathan ag míleata na Rúise san Úcráin, lena n-áirítear le linn na n-ainghníomhartha in Bucha.</p>	15.3.2022

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
			<p>Thairis sin, comhoibríonn X5 Retail Group, cuideachta eile de Alfa Group Consortium, le JSC Voentorg, eintiteas atá faoi réir bearta sriantacha a sholáthraíonn seirbhísí lónadóireachta agus nícháin, chomh maith le héidí míleata, d'fhórsaí armtha Chónaidhm na Rúise agus a ndíolann a bhfochuideachta t-léinte a bhfuil an tsiombail mhíleata 'Z' orthu atá in úsáid ag lucht bolscaireachta na Rúise chun cogadh foghach na Rúise ar an Úcráin a chur chun cinn.</p> <p>Ina theannta sin, is comhalta de Chomhairle Gnóthaí Idirnáisiúnta na Rúise é Alexey Kuzmichev, meitheal mhachnaimh a sheolann ar aghaidh bolscaireacht Rialtas Chónaidhm na Rúise a bhaineann leis an Úcráin agus an cogadh ar an tír sin.</p> <p>Dá bhrí sin, is príomhphearsa gnó é Alexey Kuzmichev a bhíonn ag feidhmiú sa Rúis agus duine gnó atá rannpháirteach in earnálacha eacnamaíocha ar foinse shuntasach ioncaim iad do rialtas Chónaidhm na Rúise, atá freagrach as ionghabháil na Crimé agus as díchobhsú na hÚcráine. Anuas air sin, tacaíonn sé go hábharach nó ó thaobh airgeadais de, le cinnteoirí na Rúise atá freagrach as ionghabháil na Crimé nó as díchobhsú na hÚcráine, agus baineann sé tairbhe astu.</p>	

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
891.	Suleyman Abusaidovich KERIMOV (Rúisis: Сулейман Абусаидович КЕРИМОВ)	Dáta breithe: 12.3.1966 Áit bhreithe: Derbent, Dagestan, APSS (Cónaidhm na Rúise anois) Feidhm: Tá sé ina comhalta de Chomhairle Cónaidhme Thionól Cónaidhmeach Chónaidhm na Rúise agus den Choiste maidir le Rialacha Nós Imeachta agus Rialachas Parlaiminteach; Iar-úinéir an ghrúpa airgeadais agus thionsclaíoch Nafta Moscow Náisiúntacht: Rúiseach Inscne: fireann	Is mórphearsa gnó Suleyman Kerimov agus tá sé ina comhalta de Chomhairle Cónaidhme Thionól Cónaidhmeach Chónaidhm na Rúise agus den Choiste maidir le Rialacha Nós Imeachta agus Rialachas Parlaiminteach. Is é iar-úinéir an ghrúpa airgeadais agus thionsclaíoch Nafta Moscow é. Meastar go bhfuil glanluach USD 16.4 billiún ag Kerimov agus a mhuintir. Fuair sé suimeanna móra airgid ó Sergei Roldugin, atá ina chúramóir ar shaibhreas Uachtarán Chónaidhm na Rúise Vladimir Putin. An 24 Feabhra 2022, d'fhreastail Kerimov ar chruinniú mhórphearsa gnó sa Chreimil le hUachtarán Chónaidhm na Rúise Vladimir Putin chun plé a dhéanamh ar thionchar na mbeart a rinneadh i ndiaidh smachtbhannaí an Iarthair. Ós rud é gur tugadh cuireadh dó freastal ar an gcruinniú seo is léir gur comhalta é de dhlúthchiorcal na mórphearsa gnó a bhfuil dlúthchaidreamh acu le hUachtarán Chónaidhm na Rúise Vladimir Putin agus go bhfuil sé ag tacú le gníomhaíochtaí nó beartais, nó ag cur gníomhaíochtaí nó beartais chun feidhme, lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine, mar aon leis an gcobhsaíocht agus leis an slándáil san Úcráin, nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí nó beartais sin ar an méid sin.	15.3.2022

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
			Dá bhri sin, is príomhphearsa ghnó é atá rannpháirteach in earnálacha eacnamaíocha ar foinse shuntasach ioncaim iad do rialtas Chónaidhm na Rúise, atá freagrach as ionghabháil na Crimé agus as díchobhsú na hÚcráine.	
909.	Igor Albertovich KESAEV (Игорь Альбертович КЕСАЕВ)	Dáta breithe: 30.10.1966 Áit bhreithe: Vladikavkaz, North Ossetia, APSS (Cónaidhm na Rúise anois) Feidhm: comhúinéir Mercury Group Náisiúntacht: Rúiseach, Cipireach Inscne: fireann	Is comhúinéir é Igor Kesaev de chuid Mercury Group, cuideachta a bhí comhlachaithe le Megapolis Group, an príomhdháileoir tobac sa Rúis. Tá glanluach USD 4.6 billiún aige de réir Forbes. Is scairshealbhóir mór in Mercury Group agus Megapolis Group é. Is príomhphearsa ghnó é Igor Kesaev a bhíonn ag feidhmiú sa Rúis agus duine gnó a bhfuil baint aige le hearnálacha eacnamaíocha ar foinse shuntasach ioncaim iad do rialtas Chónaidhm na Rúise, atá freagrach as ionghabháil na Crimé agus as díchobhsú na hÚcráine.	8.4.2022

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
1448.	Ilya Eduardovich TOROSOV (Илья Эдуардович ТОРОСОВ)	Feidhm: iar-Leas-Aire in Aireacht Forbartha Eacnamaíche na Rúise; iar-Leas-Aire Aireacht Forbartha Eacnamaíche na Rúise Dáta breithe: 14.10.1982 Áit bhreithe: Moscó, APSS (Cónaidhm na Rúise feasta) Náisiúntacht: Rúiseach Inscne: fireann Eintitis chomhlachaithe: Aireacht Forbartha Eacnamaíche na Rúise	Ba í Ilya Torosov an Chéad Leas-Aire in Aireacht Forbartha Eacnamaíche na Rúise go dtí mí Dheireadh Fómhair 2024. Roimhe sin, ó mhí an Mhárta 2018 go dtí mí an Mhárta 2022, bhí Ilya Torosov ina Leas-Aire in Aireacht Forbartha Eacnamaíche na Rúise. Ó cuireadh tús lena thréimhse riaracháin, tá baint ag an Aireacht Forbartha Eacnamaíche le gníomhaíochtaí chun an bonn a bhaint d'iomláine chríochach na hÚcráine agus ar bagairt iad ar an méid sin, lena n-áirítear bearta chun acmhainneacht eacnamaíoch réigiúin ionghafa na hÚcráine a fhiosrú (Kherson, Zaporizhzhia, 'Daon-Phoblacht Donetsk,' agus 'Daon-Phoblacht Luhansk' mar a ghairtear díobh), chomh maith le gníomhaíochtaí chun tacú le bearta geilleagair cogaidh de chuid rialtas na Rúise. Dá bhrí sin, bhí Ilya Torosov freagrach as gníomhaíochtaí a bhaineann an bonn d'iomláine chríochach na hÚcráine, agus ar bagairt iad ar an méid sin, agus is duine nádúrtha é a thacaíonn le Rialtas Chónaidhm na Rúise, atá freagrach as ionghabháil na Crimé agus as díchobhsú na hÚcráine.	25.2.2023

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
1454.	Maxim Andreevich KOLESNIKOV (Максим Андреевич КОЛЕСНИКОВ)	Feidhm: An Chéad Leas-Aire in Aireacht Forbartha Eacnamaíche na Rúise Iar-Leas-Aire Aireacht Forbartha Eacnamaíche na Rúise (ó mhí an Mheithimh 2022 go dtí mí na Samhna 2024) Dáta breithe: 3.7.1987 Áit bhreithe: APSS (Cónaidhm na Rúise anois) Náisiúntacht: Rúiseach Inscne: fireann Eintitis chomhlachaithe: Aireacht Forbartha Eacnamaíche na Rúise	Ó mhí na Samhna 2024 i leith, is é Maxim Kolesnikov an Chéad Leas-Aire in Aireacht Forbartha Eacnamaíche na Rúise. Leas-Aire in Aireacht Forbartha Eacnamaíche na Rúise ab ea M. Kolesnikov ó 2022 go 2024. Ó cuireadh tús lena thréimhse riaracháin, tá baint ag an Aireacht Forbartha Eacnamaíche le gníomhaíochtaí chun an bonn a bhaint d'iomláine chríochach na hÚcráine agus ar bagairt iad ar an méid sin, lena n-áirítear bearta chun acmhainneacht eacnamaíoch réigiúin ionghafa na hÚcráine a fhiosrú (Kherson, Zaporizhzhia, “Daon-Phoblacht Donetsk,” agus “Daon-Phoblacht Luhansk” mar a ghairtear díobh), chomh maith le gníomhaíochtaí chun tacú le bearta geilleagair cogaidh de chuid rialtas na Rúise. Dá bhrí sin, tá Maxsim Kolesnikov freagrach as gníomhaíochtaí a bhaineann an bonn d'iomláine chríochach na hÚcráine, agus ar bagairt iad ar an méid sin, agus is duine nádúrtha é a thacaíonn le Rialtas Chónaidhm na Rúise, atá freagrach as ionghabháil na Crimé agus as díchobhsú na hÚcráine.	25.2.2023

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
1460.	Alexander Semyonovich SANCHIK (Александр Семёнович САНЧИК)	Feidhm: Ceannaire míleata Rúiseach, Coirnéal Ginearál Dáta Breithe: 15.10.1966 Áit bhreithe: Moscó, APSS (Cónaidhm na Rúise feasta) Náisiúntacht: Rúiseach Inscne: fireann Eintitis chomhlachaithe: Aireacht Cosanta Chónaidhm na Rúise	Is ceannaire míleata Rúiseach é Alexander Sanchik, iar-Cheannasaí ar Dhúiche Mhíleata an Oirthir (ó mhí na Bealtaine 2024 go dtí mí na Samhna 2024) agus is é faoi láthair Ceannasaí gníomhach Ghrúpa na bhFórsaí Theas (ó mhí na Samhna 2024), iar-Chéad-Leas-Cheannasaí ar Dhúiche Mhíleata an Oirthir (ó 2023 go 2024) agus iar-Cheannasaí ar an 35ú Combined Arms Army. D'ionsaí an 35th Combined Arms Army an Úcráin ón tuaisceart. Mar Cheannasaí ar an 35th Combined Arms Army, bhí sé freagrach as na gníomhaíochtaí a rinne a aonad. Tá Alexander Sanchik freagrach, dá bhrí sin, as tacú le gníomhaíochtaí, agus as iad a chur chun feidhme, lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine.	25.2.2023

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
1465.	Mikhail Mikhailovich MATVEEVSKY (Михаил Михайлович МАТВЕЕВСКИЙ)	Feidhm: iarCheannaire míleata Rúiseach — Leifteanant-Ghinearál; IarCheann Thrúpaí Diúracán agus Airtléirí Fhórsaí Talún Chónaidhm na Rúise (go dtí mí Dheireadh Fómhair 2023) Dáta breithe: 1.1.1963 Áit bhreithe: Sráidbhaile Kobylsk, ceantar Kichmengo-Gorodets, réigiún Vologda, APSS (Cónaidhm na Rúise feasta) Náisiúntacht: Rúiseach Inscne: fireann Eintitis chomhlachaithe: Aireacht Cosanta Chónaidhm na Rúise	Is ceannaire míleata Rúiseach é Mikhail Matveevsky, iarCheann Thrúpaí Diúracán agus Airtléirí Fhórsaí Talún Chónaidhm na Rúise. Sa chogadh foghach ar an Úcráin, bhain airm na Rúise úsáid as diúracáin go minic sna hionsaithe ar thargaidí míleata agus sibhialtacha. Mar Cheann ar Thrúpaí Diúracán agus Airtléirí Fhórsaí Talún Chónaidhm na Rúise, bhí sé freagrach as tuairgneáil a dhéanamh ar an Úcráin. Tá Mikhail Matveevsky freagrach, dá bhri sin, as tacú le gníomhaíochtaí, agus as iad a chur chun feidhme, lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine.	25.2.2023

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
1477.	Anton Olegovich ELIZAROV ar a dtugtar freisin YELIZAROV (Антон Олегович ЕЛИЗАРОВ)	Dáta breithe: 1981 Áit bhreithe: Réigiún Rostov, APSS (Cónaidhm na Rúise feasta) Náisiúntacht: Rúiseach Inscne: fireann Feidhm: IarCheannasaí míleata Ghrúpa Wagner	Ba é Anton Elizarov, dar códainm ‘Lotus’, ceannasaí míleata aonad Wagner atá freagrach as baile Soledar na hÚcráine a ghabháil i mí Eanáir 2023. Sa phost sin dó, bhí sé freagrach as oibríochtaí a chomhordú agus a phleanáil agus as amhais a imscaradh. Bhí ról ghníomhach aige i gcogadh foghach na Rúise ar an Úcráin. Dá bhrí sin, tá sé freagrach as tacú le gníomhaíochtaí agus beartais, agus as iad a chur chun feidhme, ar gníomhaíochtaí nó beartais iad lena mbaintear an bonn d’iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine agus ar bagairt iad na gníomhaíochtaí agus beartais sin ar an méid sin.	25.2.2023

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
1506.	Alexander Petrovich KOLMAKOV (Александр Петрович КОЛМАКОВ)	Dáta breithe: 31.7.1955 Áit bhreithe: Korolyov, Réigiún Mhoscó, APSS (Cónaidhm na Rúise feasta) Náisiúntacht: Rúiseach Inscne: fireann Feidhm: Comhalta den mheitheal um an ‘oibríocht mhíleata speisialta’ arna bunú le foraithe ag an Uachtarán Putin; IarChathaoirleach ar an eagraíocht stáit-phoiblí uile-Rúise ‘Cumann Deonach um Chúnamh don Arm, don Eitlíocht agus do Chabhlaigh na Rúise’; Coirnéal Ginearál ar scor	Tá Alexander Kolmakov ina chomhalta den mheitheal a bhunaigh an tUachtarán Putin i mí na Nollag 2022 a bhfuil sé de chúram uirthi iarrachtaí slógaidh Chónaidhm na Rúise a chomhordú chun tacú lena cogadh foghach ar an Úcráin. Anuas ar a ról sa mheitheal, d’fheidhmigh sé, le linn an mhóirionraidh ar an Úcráin agus ina dhiaidh, mar chathaoirleach ar an eagraíocht stáit-phoiblí uile-Rúise “Cumann Deonach um Chúnamh don Arm, don Eitlíocht agus do Chabhlaigh na Rúise”, a fheidhmíonn mar nasc idir míleata na Rúise agus an tsochaí trí éascaíocht a dhéanamh d’earcaíocht daoine óga sna fórsaí cúltaca míleata. Dá bhrí sin, tá Alexander Kolmakov freagrach as tacú le gníomhaíochtaí agus beartais, agus as iad a chur chun feidhme, ar gníomhaíochtaí agus beartais iad a bhaineann an bonn d’iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine, agus ar bagairt iad na gníomhaíochtaí agus beartais sin ar an méid sin.	23.6.2023

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
1509.	Igor Yurievich ЧАЙКА ar a dtugtar freisin Igor Yurievich ЧАЙКА (Игорь Юрьевич ЧАЙКА)	Dáta breithe: 13.12.1988 Áit bhreithe: Moscó, APSS (Cónaidhm na Rúise feasta) Náisiúntacht: Rúiseach Inscne: fireann Feidhm: Fear gnó Rúiseach Daoine aonair comhlachaithe: Yury Chaika (athair), Artem Chaika (deartháir) Faisnéis eile aitheantais: Dámhachtainí: Deimhniú Fiúntais Uachtarán Chónaidhm na Rúise	Is é Igor Chaika mac is óige Yuri Chaika, iar-Ard-Ionchúisitheoir agus Ionadaí Lánchumhachtach Uachtarán Chónaidhm na Rúise i gCeantar Cónaidhme an Chácais Thuaidh. Tá ollimpireacht ghnó carnaithe ag Igor Chaika de dhroim conarthaí stáit agus a bhuíochas sin do phost a athar. Déanann sé gníomhaíochtaí gnó freisin sa Chrimé atá faoi fhorghabháil. Ó 2022 i leith, is é Igor Chaika Cathaoirleach na Comhairle Poiblí faoi Rossotrudnichestvo, comhlacht feidhmiúcháin cónaidhme Rúiseach atá freagrach as seirbhísí stáit a chur ar fáil agus maoin stáit a bhainistiú chun tacú leis an gcaidreamh idirnáisiúnta idir Cónaidhm na Rúise agus Ballstáit Chomhlathas na Stát Neamhspleách agus tíortha eachtracha eile, agus chun an caidreamh sin a fhorbairt. I mí an Mhárta 2025, ceapadh Chaika ina Leas-Cheann ar Rossotrudnichestvo. Dá bhrí sin, tá Igor Chaika ag tacú go hábharach le Rialtas Chónaidhm na Rúise agus tá tairbhe á fáil aige ón rialtas sin, atá freagrach as ionghabháil na Crimé agus as díchobhsú na hÚcráine. Ina theannta sin, tá baint aige le Yury Chaika agus Rossotrudnichestvo.	23.6.2023

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
1510.	<p>Artem Yurievich ЧАЙКА</p> <p>ar a dtugtar freisin Artyom CHAIKA</p> <p>ar a dtugtar freisin Artem CHAYKA</p> <p>(Арте́м Ю́рьевич ЧАЙКА</p> <p>ar a dtugtar freisin Арте́м Ю́рьевич ЧАЙКА)</p>	<p>Dáta breithe: 25.9.1975</p> <p>Áit bhreithe: APSS (Cónaidhm na Rúise feasta)</p> <p>Náisiúntacht: Rúiseach, Eilvéiseach</p> <p>Inscne: fireann</p> <p>Feidhm: Dlíodóir agus fear gnó Rúiseach</p> <p>Daoine aonair comhlachaithe: Yury Chaika (athair), iar- Ionchúisitheoir Ginearálta Chónaidhm na Rúise (arna ainmniú 21.7.2022), Igor Chaika (deartháir)</p>	<p>Is é Artem Chaika an mac is sine le Yury Chaika, iar-Ard-Ionchúisitheoir agus Ionadaí Lánchumhachtach Uachtarán Chónaidhm na Rúise i gCeantar Cónaidhme an Chácais Thuaidh. Tá a chuid gnólachtaí tógtha aige go príomha ar chonartha stáit le linn an ama nuair a bhí a athair ina Phríomh-Ionchúisitheoir. Tá tairiscintí soláthair phoiblí buaite ag cuideachtaí Artem Chaika arís agus arís eile mar gheall gur bhain na gníomhaireachtaí forfheidhmithe dlí iomaitheoirí den phróiseas. Is é Artem Chaika úinéir na cuideachta PNK-Ural, an soláthraí is mó de chloch brúite do Iarnróid na Rúise.</p> <p>Cheap Ramzan Kadyrov, ceann Phoblacht na Seisnia agus dlúthchomhghuaillí an Uachtaráin Putin, Artem Chaika ina chomhairleoir do chúrsaí daonnúla, sóisialta agus eacnamaíocha i mí Dheireadh Fómhair 2022.</p> <p>Dá bhrí sin, tá Artem Chaika ag tacú go hábharach le Rialtas Chónaidhm na Rúise, atá freagrach as ionghabháil na Crimé agus as díchobhsú na hÚcráine, agus tá sé ag baint tairbhe as an méid sin. Ina theannta sin, tá baint aige le Ramzan Kadyrov.</p>	23.6.2023

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
1518.	<p>Tatiana Georgievna BRATCHENKO</p> <p>ar a dtugtar freisin Tetiana Georgiivna BRATCHENKO</p> <p>(Rúisis: Татьяна Георгиевна БРАТЧЕНКО)</p> <p>(Úcráinis: Тетяна Георгіївна БРАТЧЕНКО)</p>	<p>Feidhm: Ceann an Ionaid Stairiúil agus Chultúrtha Cuimhneacháin a ainmníodh as an gceannaí agus an daonchara Yekaterinodar, Liu Nakhlukhovich, Trakhov, Krasnodar, an Rúis</p> <p>Dáta breithe: 17.11.1949</p> <p>Náisiúntacht: Úcráinis</p> <p>Inscne: baineann</p> <p>Pasuimhir, uimhir aitheantais náisiúnta, uimhreacha doiciméad aitheantais eile: Pasuimhir na hÚcráine: 058980</p>	<p>Bhí Tatiana Bratchenko ina stiúrthóir ar Mhúsaem Réigiúnach Kherson. Sa ról seo, chabhraigh sí go deonach agus d'aon ghnó le fórsaí slándála na Rúise déantáin an mhúsaem a bhaint de. Thacaigh sí go poiblí le smacht na Rúise ar réigiún Kherson agus thacaigh sí le hionghabháil neamhdhleathach na críche.</p> <p>Tá sí ina Ceann ar Ionad Stairiúil agus Cultúrtha Cuimhneacháin in Krasnodar feasta.</p> <p>Ag gníomhú di sa cháil sin, tá Tatiana Bratchenko freagrach as tacú le gníomhaíochtaí agus beartais, agus as iad a chur chun feidhme, ar gníomhaíochtaí nó beartais iad lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine agus ar bagairt iad ar an méid sin.</p>	23.6.2023

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
1524.	Yevgeny Valeryevich NIKIFOROV (Евгений Валерьевич НИКИФОРОВ)	Feidhm: Ceann Fhoireann Ghinearálta Fhórsaí Talún Chónaidhm na Rúise; IarCheannasaí ar Dhúiche Mhíleata an Iarthair; Coirnéal Ginearál Dáta breithe: 1.1.1970 Áit bhreithe: Aksha, APSS (Cónaidhm na Rúise feasta) Náisiúntacht: Rúiseach Inscne: fireann	Tá an Coirnéal Ginearál Yevgeny Nikiforov, iarCheannasaí ar Dhúiche Mhíleata Iarthar Chónaidhm na Rúise, ag fónamh faoi láthair mar Cheann Fhoireann Ghinearálta Fhórsaí Talún Chónaidhm na Rúise. Faoina cheannas, tá Fórsaí Armtha na Rúise ag leanúint dá n-ionsaithe ar an Úcráin, i gcomhthéacs chogadh foghach na Rúise ar an Úcráin. Agus é ag glacadh na cáile sin chuige agus ag gníomhú dó dá réir, tá an Coirnéal Ginearál Yevgeny Nikiforov freagrach as tacú le gníomhaíochtaí agus beartais, agus as iad a chur chun feidhme, ar gníomhaíochtaí nó beartais iad lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine agus ar bagairt iad ar an méid sin.	23.6.2023

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
1530.	Viktoria Alexandrovna SERDYUKOVA (Виктория Александровна СЕРДЮКОВА)	Feidhm: ‘IarChoimisinéir um Chearta an Duine i nDaon-Phoblacht Luhansk’, mar a ghairtear de Dáta breithe: 9.6.1981 nó 1982 Áit bhreithe: Sevastopol, APSS (an Úcráin feasta) Náisiúntacht: Rúiseach Inscne: baineann	Is í Viktoria Serdyukova ‘IarChoimisinéir um Chearta an Duine i nDaon-Phoblacht Luhansk’, mar a ghairtear de. Sa ról sin, thacaigh sí leis an gcogadh foghach a sheol an Rúis i gcoinne na hÚcráine an 24 Feabhra 2022. Thacaigh sí le hionghabháil neamhdhleathach chríoch Luhansk agus le glacadh reachtaíocht na Rúise sa chríoch sin agus i gcríocha eile a ionghabhadh go neamhdhleathach. Agus í ag glacadh na cáile sin chuici agus ag gníomhú di dá réir, tá Viktoria Serdyukova freagrach as tacú le gníomhaíochtaí agus beartais, agus as iad a chur chun feidhme, ar gníomhaíochtaí agus beartais iad lena mbaintear an bonn d’iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine agus ar bagairt iad ar an méid sin.	23.6.2023

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
1544.	<p>Irina Aleksandrovna CHERKASOVA</p> <p>(Rúisis: Ирина Александровна ЧЕРКАСОВА)</p> <p>(Úcráinis: Ірина Олександрівна ЧЕРКАСОВА)</p>	<p>Feidhm: An Coimisinéir um Chearta Leanaí sa réigiún Rostov</p> <p>Dáta breithe: 30.5.1963</p> <p>Áit bhreithe: Bataysk, réigiún Rostov, APSS (Cónaidhm na Rúise feasta)</p> <p>Náisiúntacht: Rúiseach</p> <p>Inscne: baineann</p>	<p>Is í Irina Cherkasova an Coimisinéir um Chearta Leanaí sa réigiún Rostov. Sa ról sin, tá sí ar dhuine de na daoine is mó a bhfuil baint acu le díbirt neamhdhleathach leanaí Úcránacha go dtí an Rúis ionas go ndéanfadh teaghlaigh Rúiseacha iad a uchtú ina dhiaidh sin. Sáraíonn gníomhaíochtaí Irina Cherkasova cearta leanaí na hÚcráine agus sáraíonn siad dlí agus ord riaracháin na hÚcráine.</p> <p>Dá bhrí sin, tá Irina Cherkasova freagrach as gníomhaíochtaí agus beartais a chur chun feidhme, agus as iad a chur chun feidhme, ar gníomhaíochtaí agus beartais iad a bhaineann an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine agus ar bagairt iad ar an méid sin.</p>	23.6.2023

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
1546.	<p>Muslim Magomedovich KHUCHIEV</p> <p>(Rúisis: Муслим Магомедович ХУЧИЕВ)</p> <p>(Úcráinis: Муслім Магомедович ХУЧІЄВ)</p>	<p>Feidhm: Cúntóir le Príomh-Aire Chónaidhm na Rúise, iar-Chathaoirleach Rialtas Phoblacht na Seisnia; iar-Chathaoirleach Phoblacht na Seisnia</p> <p>Dáta breithe: 5.8.1971</p> <p>Áit bhreithe: Zakan-yurt, ceantar Achkhoy-Martanovsky, APSS (Cónaidhm na Rúise feasta)</p> <p>Náisiúntacht: Rúiseach</p> <p>Inscne: fireann</p> <p>Daoine aonair comhlachaithe: Ramzan Kadyrov</p>	<p>Tá Muslim Khuchiev ina Chúntóir do Phríomh-Aire Chónaidhm na Rúise agus iar-Chathaoirleach Rialtas Phoblacht na Seisnia. Sa ról sin, bhí Muslim Khuchiev páirteach go dlúth le Ramzan Kadyrov i bpleananna táirgeachta míleata na Seisnia, pleananna a d'úsáid Fórsaí Armtha na Rúise sa ina cogadh foghach ar an Úcráin.</p> <p>Ó thús a cogadh foghach ar an Úcráin, tá go leor sibhialtach Úcránach aistrithe ag an Rúis chuig Poblacht na Seisnia. Bhí Muslim Khuchiev ar dhuine de na daoine is mó a bhfuil baint acu le leanaí a dhíbirt go neamhdhleathach go dtí an Rúis agus lena n-uchtú chuig teaghlaigh Rúiseacha ina dhiaidh sin. Sáraíonn a chuid gníomhaíochtaí cearta leanaí na hÚcráine agus sáraíonn siad dlí agus ord riaracháin na hÚcráine.</p> <p>Tá Muslim Khuchiev ina chomhalta freisin de Phraesaidiam Chomhairle Pholaitiúil Réigiúnach Bhrainse Réigiúnach na Seisnia de Pháirtí 'United Russia'. Tacaíonn United Russia le beartas foghach Vladimir Putin i gcoinne na hÚcráine.</p> <p>Dá bhrí sin, tá Muslim Khuchiev freagrach as tacú le gníomhaíochtaí agus beartais, agus as iad a chur chun feidhme, ar gníomhaíochtaí agus beartais iad a bhaineann an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine agus ar bagairt iad na gníomhaíochtaí agus beartais sin ar an méid sin.</p>	23.6.2023

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
1547.	<p>Vladimir Vladimirovich VLADIMIROV</p> <p>(Rúisis: Владимир Владимирович ВЛАДИМИРОВ)</p> <p>(Úcráinis: Володимир Володимирович ВЛАДИМИРОВ)</p>	<p>Feidhm: Gobharnóir Stavropol Krai (Réigiún)</p> <p>Dáta breithe: 14.10.1975</p> <p>Áit bhreithe: Georgievsk, réigiún Stavropol, APSS (Cónaidhm na Rúise feasta)</p> <p>Náisiúntacht: Rúiseach</p> <p>Inscne: fireann</p>	<p>Is é Vladimir Vladimirov Gobharnóir Stavropol Krai. Sa ról sin, bhí sé freagrach as leanaí Úcránacha a dhíbirt go neamhdhleathach chuig réigiún Stavropol Krai ionas go ndéanfadh teaghlaigh Rúiseacha iad a uchtú go neamhdhleathach ina dhiaidh sin. Sáraíonn a chuid gníomhaíochtaí cearta leanaí na hÚcráine agus sáraíonn siad dlí agus ord riaracháin na hÚcráine.</p> <p>Tá Vladimirov ina chomhalta freisin den Chomhairle Ghinearálta agus ina Rúnaí ar Bhainse Réigiúnach Stavropol de Pháirtí ‘United Russia’. Tacaíonn United Russia le beartas foghach Vladimir Putin i gcoinne na hÚcráine.</p> <p>Dá bhrí sin, tá Vladimir Vladimirov freagrach as gníomhaíochtaí agus beartais a chur chun feidhme, agus as iad a chur chun feidhme, ar gníomhaíochtaí agus beartais iad a bhaineann an bonn d’iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine agus ar bagairt iad ar an méid sin.</p>	23.6.2023

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
1548.	<p>Vladimir Mikhailovich MOROZOV</p> <p>ar a dtugtar freisin Uladzimir Mikhailavich MAROZAU</p> <p>(Rúisis: Владимир Михайлович МОРОЗОВ)</p> <p>(Bealarúisis: Уладзімір Міхайлавіч МАРОЗАЎ)</p>	<p>Feidhm: iarCheann Iarnróid na Bealarúise</p> <p>Dáta breithe: 2.6.1965</p> <p>Áit bhreithe: Buda-Koshelevo, réigiún Gomel, APSS (an Bhealarúis anois)</p> <p>Náisiúntacht: Bealarúiseach</p> <p>Inscne: fireann</p>	<p>Is é Vladimir Morozov iarCheann Iarnróid na Bealarúise, a oibríonn seirbhís iarnróid idir an Rúis agus an Bhealarúis. Agus an ról sin aige, thacaigh sé le himscaradh agus iompar pearsanra míleata agus trealaimh mhíleata na Rúise a raibh baint acu le cogadh foghach na Rúise ar an Úcráin.</p> <p>Dá bhrí sin, tá Vladimir Morozov freagrach as tacú le gníomhaíochtaí agus beartais, agus as iad a chur chun feidhme, ar gníomhaíochtaí agus beartais iad a bhaineann an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine, agus ar bagairt iad na gníomhaíochtaí agus beartais sin ar an méid sin.</p>	23.6.2023

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
1551.	Veniamin Ivanovich KONDRATYOV ar a dtugtar freisin Veniamin Ivanovich KONDRATYEV (Вениамин Иванович КОНДРАТЬЕВ)	Feidhm: Gobharnóir Réigiún Krasnodar i gCónaidhm na Rúise Dáta breithe: 1.9.1970 Áit bhreithe: Prokopyevsk, APSS (Cónaidhm na Rúise feasta) Náisiúntacht: Rúiseach Inscne: fireann Faisnéis eile: Uimhir Aitheantais Chánach: 233005199735	Is é Veniamin Kondratyov Gobharnóir Réigiún Krasnodar i gCónaidhm na Rúise. Sa cháil sin, tá Veniamin Kondratyev ag rannchuidiú le díbirt, fuadach agus uchtú neamhdhleathach leanaí Úcránacha. Tá sé ar dhuine de na ceannairí (réigiúnacha) Rúiseacha sinsearacha a bhfuil baint acu le leanaí a dhibirt go neamhdhleathach go dtí an Rúis agus lena n-uchtú chuig teaghlaigh Rúiseacha ina dhiaidh sin. Sáraíonn gníomhaíochtaí Veniamin Kondratyev cearta leanaí na hÚcráine agus sáraíonn siad dlí agus ord riaracháin na hÚcráine. Dá bhrí sin, tá Veniamin Kondratyov freagrach as tacú le gníomhaíochtaí agus beartais, agus as iad a chur chun feidhme, ar gníomhaíochtaí nó beartais iad lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine agus ar bagairt iad ar an méid sin.	23.6.2023

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
1553.	Sergey Konstantinovich NOSOV (Сергей Константинович НОСОВ)	Feidhm: Gobharnóir réigiún Magadan i gCónaidhm na Rúise Náisiúntacht: Rúiseach Dáta breithe: 17.2.1961 Áit bhreithe: Magnitogorsk, réigiún Chelyabinsk APSS (Cónaidhm na Rúise feasta) Inscne: fireann Faisnéis eile: Uimhir Aitheantais Chánach: 662300439460	<p>Is é Sergey Nosov gobharnóir réigiún Magadan i gCónaidhm na Rúise. Sa chái sin, tá Sergey Nosov ag cuidiú le díbirt agus uchtú neamhdhleathach leanaí Úcránacha. Tá sé ag éascú díbirt neamhdhleathach leanaí ón Úcráin chuig campaí atá lonnaithe ina réigiún, lena n-áirítear campaí arna reáchtáil ag Artek, eagraíocht náisiúnach Rúiseach a chuir filleadh leanaí na hÚcráine ar a dteaghlaigh ar fionraí. Tá Sergey Nosov ar dhuine de cheannairí sinsearacha (réigiúnacha) na Rúise a bhfuil baint acu le díbirt neamhdhleathach leanaí ón Úcráin go dtí an Rúis. Sáraíonn gníomhaíochtaí Sergey Nosov cearta leanaí na hÚcráine agus sáraíonn siad dlí agus ord riaracháin na hÚcráine.</p> <p>Tá Sergey Nosov ina chomhalta freisin den Ard-Chomhairle Ghinearálta agus ina Rúnaí ar Bhrainse Réigiúnach Magadan de Pháirtí ‘United Russia’. Tacaíonn Páirtí ‘United Russia’ le beartas foghach Vladimir Putin i gcoinne na hÚcráine.</p> <p>Dá bhrí sin, tá Sergey Nosov freagrach as tacú le gníomhaíochtaí agus beartais, agus as iad a chur chun feidhme, ar gníomhaíochtaí nó beartais iad lena mbaintear an bonn d’iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine agus ar bagairt iad ar an méid sin.</p>	23.6.2023

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
1598.	<p>Sergey Alekseevich GAVRILCHUK</p> <p>ar a dtugtar freisin Sergiy Oleksiyovich GAVRYLCHYK</p> <p>ar a dtugtar freisin Serhii HAVRYLCHUK</p> <p>(Сергей Алексеевич ГАВРИЛЬЧУК)</p> <p>(Сергій Олексійович ГАВРИЛЬЧУК)</p>	<p>Feidhm: Ceann cheanncheathrú réigiúnach Yunarmiya Phoblacht na Crimé; Comhalta de chomhairle sráidbhaile Gvardeyskaya i gceantar Simferopol de ‘Poblacht na Crimé’, thar ceann Pháirtí ‘United Russia’</p> <p>Stiúrthóir Crimea Patriot Centre</p> <p>Dáta breithe: 30.5.1977</p> <p>Náisiúntacht: Úcránach</p> <p>Inscne: fireann</p>	<p>Is é Sergey Gavrilchuk Ceann cheanncheathrú Réigiúnach Yunarmiya de chuid ‘Poblacht na Crimé’, agus is comhalta é de Pháirtí ‘United Russia’. Is eagraíocht pharaimíleata Rúiseach í an Ghluaiseacht Uile-Rúise Shóisialta Thírghrách Mhíleata “Arm Óg” (Yunarmiya). Ina cháil mar cheann réigiúnach Yunarmiya, eagraíonn sé gníomhaíochtaí a chuireann chun cinn oiliúint agus ullmhú míleata na n-óg don tseirbhís mhíleata in Arm na Rúise.</p> <p>Ón 14 Bealtaine 2024, is é an Stiúrthóir ar Crimea Patriot Centre, a chuireann oiliúint mhíleata ar leanaí sa Chrimé agus in Sevastopol, a ionghabhadh go neamhdhleathach.</p> <p>Dá bhrí sin, tacaíonn Sergey Gavrilchuk le gníomhaíochtaí agus beartais, agus cuireann sé chun feidhme iad, ar gníomhaíochtaí nó beartais iad lena mbaintear an bonn d’iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine agus ar bagairt iad ar an méid sin. Ina theannta sin, tá sé comhlachaithe le Yunarmiya.</p>	18.12.2023

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
1611.	Dmitry Aleksandrovich POLKOVNIKOV (Дмитрий Александрович ПОЛКОВНИКОВ)	Feidhm: iarStiúrthóir Crimea Patriot Centre Dáta breithe: 3.6.1970 Áit bhreithe: Kostroma, iarAPSS (Cónaidhm na Rúise feasta) Náisiúntacht: Rúiseach Inscne: fireann	Bhí Dmitry Polkovnikov ina stiúrthóir ar ‘Crimea Patriot Centre’ (ar a dtugtar freisin ‘Krympatriotcentr’). Cuireann an Lárionad oiliúint mhíleata ar fáil do leanaí sa Chrimé agus in Sevastopol, críocha a ionghabhadh go neamhdhleathach. Bhí baint aige le campaí míleata agus tírghrá a eagrú do leanaí as Leithinis na Crimé, críoch a ionghabhadh go neamhdhleathach. Tá sé gníomhach go fóill ag tacú le gníomhaíochtaí agus beartais, agus cuireann sé chun feidhme iad, ar gníomhaíochtaí agus beartais iad lena mbaintear an bonn d’iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine, agus ar bagairt iad na gníomhaíochtaí agus beartais sin ar an méid sin.	18.12.2023

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
1629.	Rustem Nurgasimovich SULTEEV (Рустем Нургасимович СУЛЬТЕЕВ)	Feidhm: an Chéad Leas-Ardstiúrthóir ar Bhord Bainistíochta ‘TAIF’ le haghaidh táirgeadh agus gníomhaíochtaí tráchtála; Cathaoirleach bhord stiúrthóirí TAIF JSC; an Chéad Leas-Chathaoirleach ar Bhord Bainistíochta TAIF JSC le haghaidh táirgeadh agus gníomhaíochtaí tráchtála; scairshealbhóir in SIBUR; comhúinéir Vulkan LLC Dáta breithe: 4.1.1954	Is é Rustem Sulteev an Chéad Leas-Ardstiúrthóir ar Bhord Bainistíochta TAIF le haghaidh táirgeadh agus gníomhaíochtaí tráchtála; Cathaoirleach bhord stiúrthóirí TAIF JSC; An Chéad Leas-Chathaoirleach ar Bhord Bainistíochta TAIF JSC le haghaidh táirgeadh agus gníomhaíochtaí tráchtála. Is é TAIF JSC máthairchuideachta an ghrúpa cuideachtaí TAIF, lena n-áirítear cuideachtaí atá ag feidhmiú i réimsí éagsúla den gheilleagar, lena n-áirítear próiseáil ola agus gás, amhábhair pheitricimiceacha, miondíolacháin táirgí peitriilium, teileachumarsáid, tógáil, infheistíocht, seirbhísí airgeadais agus trádála. Ar na cuideachtaí sin tá TAIF-NK PSC, a sholáthraíonn breosla eitlíochta d’Fhorsaí Armtha na Rúise. Is scairshealbhóir Rustem Sulteev freisin in PJSC SIBUR Holding, cuideachta pheitricimiceach Rúiseach, agus in Avers Bank. Is comhúinéir é ar Vulkan LLC chomh maith, cuideachta a úsáideadh chun sócmhainní a aistriú idir TAIF JSC agus SIBUR Holding. Dá bhrí sin, is duine gnó é Rustem Sulteev atá rannpháirteach in earnálacha eacnamaíocha a thugann foinse shuntasach ioncaim do Rialtas Chónaidhm na Rúise, atá freagrach as ionghabháil na Crimé agus as díchobhsú na hÚcráine. Ina theannta sin, tá sé ag tacú go hábhartha le Rialtas Chónaidhm na Rúise.	18.12.2023

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
		<p>Áit bhreithe: Kazan, Tatar ASSR (Poblacht na Tatarstáine feasta), APSS (Cónaidhm na Rúise feasta)</p> <p>Náisiúntacht: Rúiseach</p> <p>Uimhir Aitheantais Chánach: 166002653021</p> <p>Inscne: fireann</p>		

PUBLIC

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
1637.	Gabriel TEMIN	<p>Feidhm: Príomhfheidhmeannach na cuideachta lóistíochta Siberica Oy agus Luminor Oy</p> <p>Dáta breithe: 9.2.1980</p> <p>Áit bhreithe: APSS (an Eastóin feasta)</p> <p>Náisiúntacht: Francach</p> <p>Pasuimhir: 22EKO1347 (an Fhrainc)</p> <p>Inscne: fireann</p> <p>Seoladh: Rysäkuja 1b F 32, 00980 Heilsinci</p>	<p>Tá Gabriel Temin ina príomhfheidhmeannach ar dhá chuideachta lóistíochta, Siberica Oy agus Luminor Oy, atá bunaithe san Fhionlainn. Tá an dá chuideachta sin páirteach in onnmhairiú earraí chuig an Rúis a thagann faoi bhearta sriantacha an Aontais, go háirithe comhphárteanna ladrann. Ghearr Cúirt Uusimaa Thoir pianbhreith ar Gabriel Temin as trealamh míleata a onnmhairiú go neamhdhleathach chuig an Rúis. Dá bhrí sin, tá Gabriel Temin ag éascú sáruithe ar an toirmeasc ar dhul timpeall ar fhorálacha Chinneadh 2014/512/CBES agus Rialachán (AE) Uimh. 833/2014.</p>	18.12.2023

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
1642.	Sergey Dmitrievich BURAKOV (Сергей Дмитриевич БУРАКОВ)	Feidhm: Leifteanant- Ghinearál, Ceannasaí Cheantar Iarthuaiscirt Gharda Náisiúnta na Rúise Dáta breithe: 31.8.1970 Náisiúntacht: Rúiseach Doiciméad aitheantais: Sraith 4503 Uimh. 498240, eisithe 19.6.2001 Uimhir Aitheantais Chánach: 773391156299 Inscne: fireann Seoladh: Cónaidhm na Rúise, Bryansk Oblast, Bryansk, Sovetskiy District, Kostycheva street, 45, apt. 99	Tá an Leifteanant-Ghinearál Sergey Burakov ina Cheannasaí ar Cheantar Iarthuaiscirt Gharda Náisiúnta na Rúise. Ghlac sé páirt freisin i gcogadh foghach na Rúise ar an Úcráin, lena n-áirítear gléasra cumhachta núicléiche Shearnóbaíl a ghabháil. Dá bhri sin, tacaíonn an Leifteanant-Ghinearál Sergey Burakov le gníomhaíochtaí agus beartais, agus cuireann sé chun feidhme iad, ar gníomhaíochtaí nó beartais iad lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine agus ar bagairt iad ar an méid sin.	18.12.2023

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
1651.	Robert Rishatovich GALIMOV (Роберт Ришатович ГАЛИМОВ)	Feidhm: Iar-Ard-Stiúrthóir ar JSC Serov Mechanical Plant; Ard-Stiúrthóir reatha JSC ‘BPO Progress’ Dáta breithe: 10.3.1975 Náisiúntacht: Rúiseach Inscne: fireann Uimhir Aitheantais Chánach: 27410781642	Is é Robert Galimov an tArd-Stiúrthóir ar JSC ‘BPO Progress’ ó 31 Márta 2025 i leith. Ba é Robert Galimov Ard-Stiúrthóir ar JSC Serov Mechanical Plant tráth, a tháirgeann trealamh do tháirgeadh ola agus gás, taiscéalaíocht gheolaíoch agus mianadóireacht. Tá JSC Serov Mechanical an-tábhachtach toisc go bhfuil sé ar na cinn is mó a sholáthraíonn trealamh druileála agus táirgeachta ola do mhórchuideachtaí ola na Rúise, mar shampla, Lukoil, Gazpormneft agus Rosneft. Chomh maith leis an ról tábhachtach atá aige i dtionscal breosla iontaise na Rúise, táirgeann JSC Serov Mechanical Plant táirgí speisialta faoi orduithe cosanta stáit na Rúise. Táirgeann an gléasra cásálacha diúracáin ag a bhfuil calabra de 152 mm le haghaidh airtléire féinghluaiste Koalitsiya-SV a úsáideann an Rúis sa chogadh ar an Úcráin. Tá Robert Galimov ag tacú le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d’iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine agus ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin. Dá bhrí sin, tá sé ag tacú go hábharach le Rialtas Chónaidhm na Rúise, atá freagrach as ionghabháil na Crimé agus as díchobhsú na hÚcráine, agus baineann sé tairbhe as an méid sin.	23.2.2024

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
1656.	Aleksandr Borisovich LIVSHITS (Александр Борисович ЛИВШИЦ)	<p>Feidhm: Ard-Stiúrthóir ar an Federal State Enterprise ‘Kazan State-Owned Gunpowder Plant’; Ionadaí Chomhairle Stáit Phoblacht na Tatarstáine chomh maith le comhalta de Presidium Chomhairle Stáit Phoblacht na Tatarstáine (ó 2024 i leith).</p> <p>Dáta breithe: 21.5.1970</p> <p>Náisiúntacht: Rúiseach</p> <p>Inscne: fireann</p>	<p>Is Ionadaí Chomhairle Stáit Phoblacht na Tatarstáine é Aleksandr Livshits agus is comhalta de Presidium Chomhairle Stáit Phoblacht na Tatarstáine é freisin; Is Ard-Stiúrthóir é ar an Federal State Enterprise Kazan State-Owned Gunpowder Plant (FKP KGKPZ), a tháirgeann réimse leathan púdair pyroxylin agus lanáin le haghaidh beagnach gach cineál arm. Monaraíonn FKP KGKPZ cartúis de chalabra 5.45–14.5 mm le haghaidh raidhfíli (raidhfíli ionsaithe Kalashnikov), lanáin teilgeoirí gránáidí, lanáin tiomántáin le haghaidh gunnaí móra cabhlaigh (AK-100, AK-130 agus AK-726) agus airtléire talún de chalabra 76 mm go 152 mm (moirtéir 2S9 agus 2S12, habhatsair D-20, D-30, ML-20, 2S1, 2S3 agus 2S19). Táirgeann an gléasra sin armlón tancanna de chalabra 115 mm, 122 mm agus, níos tábhachtaí fós, 125 mm, a úsáidtear i dtancanna T-64, T-72, T-80 agus T-90 Fhórsaí Armtha na Rúise. Soláthraíonn FKP KGKPZ armlón d’Fhórsaí Armtha na Rúise agus do na córais arm dá gcuid a úsáidtear sa chogadh san Úcráin.</p> <p>Dá bhrí sin, tá Aleksandr Livshits ag tacú le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d’iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine agus ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin.</p>	23.2.2024

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
1660.	Elena Sergeevna IVANOVA (Елена Сергеевна ИВАНОВА)	Feidhm: Ard-Stiúrthóir, JSC ‘Central Research Institute of Materials Named After D.I. Mendeleev’ Náisiúntacht: Rúiseach Inscne: baineann Uimhir Aitheantais Chánach: 781706429812	Is í Elena Ivanova Ard-Stiúrthóir ag cuideachta de chuid an choimpléasc tionsclaíoch míleata Rúiseach, JSC Central Research Institute of Materials Named After D. I. Mendeleev, a dhéanann maoirseacht ar thaighde agus forbairt teicneolaíochtaí míleata agus ag a bhfuil roinnt saoráidí táirgthe a bhfuil ról tábhachtach acu in imscaradh teicneolaíochtaí den sórt sin, go háirithe in oibríochtaí comhraic ar chríoch na hÚcráine. D’oibrigh Elena Ivanova go pearsanta ar thionscadail, agus bhí sí i gceannas ar thionscadail, a chuir feabhas ar phíosáí éagsúla trealamh mhíleata lena n-áirítear aerárthach troda SU-57, tanc T-14, armáil 2A46M phríomhthanc agus airtléire fhéinghluaiste 2S35. Dá bhrí sin, tá Elena Ivanova ag tacú le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d’iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine agus ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin. Ina theannta sin, ina ról, tá sí go tacú go hábharach le Rialtas Chónaidhm na Rúise, atá freagrach as ionghabháil na Crimé agus as díchobhsú na hÚcráine, agus baineann sí tairbhe as.	23.2.2024

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
1664.	Artem Vladimirovich ZHOGA ar a dtugtar freisin Artyom Vladimirovich ZHOGA (Артём Владимирович ЖОГА)	Feidhm: Cathaoirleach ar Dhaon-Chomhairle Dhaon-Phoblacht Donetsk, mar a ghairtear di; Toscaire Lánchumhachtach Uachtaránachta chuig Ceantar Cónaidhme na hÚraile; Comhalta de Chomhairle Slándála Chónaidhm na Rúise Iarcheannasaí Sparta Battalion Dáta breithe: 18.1.1975 Áit bhreithe: Shirokiy, APSS (Cónaidhm na Rúise feasta) Náisiúntacht: Rúiseach Inscne: fireann	Tá Artem Zhoga ina Chathaoirleach ar “Daon-Chomhairle Dhaon-Phoblacht Donetsk”, mar a ghairtear di, ón 20 Meán Fómhair 2023 agus ina Toscaire Lánchumhachtach Uachtaránachta chuig Ceantar Cónaidhme na hÚraile ón 2 Deireadh Fómhair 2024. Tá sé ina chomhalta de Chomhairle Slándála Chónaidhm na Rúise ón 25 Deireadh Fómhair 2024 i leith. Ó mhí na Bealtaine 2022 go mí na Nollag 2023 bhí sé ina Cheannasaí ar Sparta Battalion, grúpa scarúnaíoch armtha a thacaigh go gníomhach le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d’iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine agus a dhíchobhsaíonn an Úcráin a thuilleadh. Agus é ag glacadh na gcáileanna sin chuige agus ag gníomhú dó dá réir, tá sé ag tacú le gníomhaíochtaí nó beartais, agus cuireann sé chun feidhme iad, ar gníomhaíochtaí agus beartais iad lena mbaintear an bonn d’iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine agus ar bagairt iad na gníomhaíochtaí agus beartais sin ar an méid sin.	23.2.2024

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
1671.	<p>Artysh Mikhailovich SAT</p> <p>(Rúisis: Артыш Михайлович САТ; Úcráinis: Артиш Михайлович САТ)</p>	<p>Feidhm: ‘iarAire Gníomhach Sláinte’ Réigiún Kherson, mar a ghairtear de</p> <p>Dáta breithe: 9.2.1983</p> <p>Áit bhreithe: Poblacht Shóisialach Shóivéadach Fhéinrialaitheach Tuvan, APSS (Poblacht Tuva, Cónaidhm na Rúise feasta)</p> <p>Náisiúntacht: Rúiseach</p> <p>Inscne: fireann</p>	<p>Is é Artysh Sat ‘iarAire Gníomhach Sláinte’, mar a ghairtear de, i Réigiún Kherson. Bhí an ról sin aige, gan toiliú ó údaráis na hÚcráine, i gcríocha Réigiún Kherson atá faoi fhorghabháil neamhdhleathach agus bhí beartais oifigiúla ó Chónaidhm na Rúise á gcur chun feidhme aige sa réigiún.</p> <p>Tá sé gníomhach go fóill ag tacú le gníomhaíochtaí agus beartais, agus cuireann sé chun feidhme iad, ar gníomhaíochtaí agus beartais iad lena mbaintear an bonn d’iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine, agus ar bagairt iad na gníomhaíochtaí agus beartais sin ar an méid sin.</p>	23.2.2024
1672.	<p>Alexey Sergeevich GALCHENKOV</p> <p>(Rúisis: Алексей Сергеевич ГАЛЧЕНКОВ; Úcráinis: Олексій Сергійович ГАЛЧЕНКОВ)</p>	<p>Feidhm: ‘Aire Oideachais’ Réigiún Kherson, mar a ghairtear de</p> <p>Dáta breithe: 18.4.1987</p> <p>Náisiúntacht: Rúiseach</p> <p>Inscne: fireann</p>	<p>Is é Alexey Galchenkov iar‘Aire Oideachais’ Réigiún Kherson, mar a ghairtear de. Bhí an ról sin glactha aige gan toiliú ó údaráis na hÚcráine, i gcríocha Réigiún Kherson atá faoi fhorghabháil neamhdhleathach agus tá beartais oifigiúla ó Chónaidhm na Rúise á gcur chun feidhme aige sa réigiún.</p> <p>Tá sé gníomhach go fóill ag tacú le gníomhaíochtaí agus beartais, agus cuireann sé chun feidhme iad, ar gníomhaíochtaí agus beartais iad lena mbaintear an bonn d’iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine, agus ar bagairt iad na gníomhaíochtaí agus beartais sin ar an méid sin.</p>	23.2.2024

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
1675.	Igor Vladimirovich ASTRANIN (Rúisis: Игорь Владимирович АСТРАНИН; Úcráinis: Ігор Володимирович АСТРАНИН)	Feidhm: iar‘Aire bheartas na hóige’ réigiún Kherson, mar a ghairtear de Dáta breithe: 15.6.1991 Áit bhreithe: Astrakhan, APSS (Cónaidhm na Rúise feasta) Náisiúntacht: Rúiseach Inscne: fireann	Is é Igor Astranin ‘Aire Bheartas na hÓige’, mar a ghairtear de, i Réigiún Kherson. Bhí an ról sin glactha aige gan toiliú ó údaráis na hÚcráine, i gcríocha Réigiún Kherson atá faoi fhorghabháil neamhdhleathach agus tá beartais oifigiúla ó Chónaidhm na Rúise á gcur chun feidhme aige sa réigiún. Tá sé gníomhach go fóill ag tacú le gníomhaíochtaí agus beartais, agus cuireann sé chun feidhme iad, ar gníomhaíochtaí agus beartais iad lena mbaintear an bonn d’iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine, agus ar bagairt iad na gníomhaíochtaí agus beartais sin ar an méid sin.	23.2.2024

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
1728.	<p>Valeriy Petrovich SHATILO</p> <p>ar a dtugtar freisin Valery Petrovich SHATILO</p> <p>(Rúisis: Валерий Петрович ШАТИЛО; Úcráinis: Валерій Петрович ШАТИЛО)</p>	<p>Feidhm: iarStiúrthóir OJSC 2566 Plant for the Repair of Radio-Electronic Weapons (UNP 600012284) (go dtí mí Feabhra 2025)</p> <p>Dáta breithe: 21.3.1959</p> <p>Áit bhreithe: Minsk, an Bhéalarúis</p> <p>Náisiúntacht: Bealarúiseach</p> <p>Inscne: fireann</p>	<p>Ba Stiúrthóir é Valeriy Shatilo ar OJSC 2566 Plant for the Repair of Radio-Electronic Weapons go dtí mí Feabhra 2025. Is fiontar é sin a bhfuil speisialtóireacht á déanamh aige i ndeisiú agus nuachóiriú na n-arm agus an trealamh aerchosanta, chomh maith le trealamh casta raidió-leictreonach eile agus táirgí míleata eile. Tá OJSC 2566 Radioelectronic Armament Repair Plant ag soláthar seirbhísí cothabhála agus deisiúcháin d'Fhórsaí Armtha na Rúise.</p> <p>Tá Valeriy Shatilo ag tacú go hábharach le Rialtas Chónaidhm na Rúise atá freagrach as ionghabháil na Crimé agus as díchobhsú na hÚcráine, agus baineann sé tairbhe as an méid sin.</p>	23.2.2024

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
1731.	Oleg Borisovich Semenovych (Олег Борисович СЕМЕНОВЫХ)	Feidhm: iar-Ard-Stiúrthóir ar LLC Favorit Research and Production Company (LLC NPK Favorit); Bainisteoir Ginearálta LLC SKB TSM agus LLC NPO Favorit faoi láthair Náisiúntacht: Rúiseach Inscne: fireann Uimhir Aitheantais Chánach: 772379165175	Is é Oleg Semenovych Bainisteoir Ginearálta LLC ‘SKB TSM’ agus LLC NPO ‘Favorit’. Ba Ard-Stiúrthóir é Oleg Semenovych ar LLC Favorit Research and Production Company (LLC NPK Favorit) go dtí an 11 Márta 2025. Cruthaíonn LLC NPK Favorit córais uathoibríocha faisnéise agus rialaithe chun faireachán a dhéanamh ar staid dromchla agus talún na nithe a dháiltear go geografach, ag feidhmiú ar bhonn bogearraí speisialta. Táirgeann LLC NPK Favorit córais um feasacht staide, coimpléisc shoghluaiste, coimpléisc uathoibríthe suite, trealamh optaileictreonach, stáisiúin radair, trealamh soilsithe, córas loingseoireachta ilfheidhmeach (Azimuth-F) chomh maith le coimpléasc cothabhála soghluaiste (Arsenal) agus bogearraí speisialta atá deartha chun gníomhaíochtaí comhlachtaí rialaithe a uathoibriú. Thairis sin, úsáideann údaráis na Rúise roinnt táirgí LLC NPK Favorit (Ratnik, Helios, agus Helios-B) sa réimse míleata chomh maith leis an bpatról teorann. Tá go leor cosúlachtaí idir LLC NPO ‘Favorit’ agus LLC NPK ‘Favorit’, cuir i gcás na príomhchustaiméirí céanna agus na príomhghníomhaíochtaí céanna, chomh maith le gníomhaíochtaí eile. Tá Oleg Semenovychna, ina cháil mar Ard-Stiúrthóir ar LLC NPK Favorit, ag tacú go hábharach le Rialtas Chónaidhm na Rúise, atá freagrach as ionghabháil na Crimé agus as díchobhsú na hÚcráine, agus baineann sé tairbhe as an méid sin.	23.2.2024

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
1732.	Georgiy Vladimirovich ANTSEV (Георгий Владимирович АНЦЕВ)	Feidhm: Ard-Stiúrthóir/Ard-Dearthóir JSC NPP Radar MMS; Cathaoirleach ar bhainse Chathair Pheadair de SoyuzMash na Rúise ón 28 Feabhra 2024. Dáta breithe: 29.1.1961 Áit bhreithe: Cónaidhm na Rúise, Gorky. Leningrad (Cathair Pheadair, Cónaidhm na Rúise feasta) Náisiúntacht: Rúiseach Inscne: fireann Uimhir Aitheantais Chánach: 780105167705	Is Cathaoirleach ar bhainse Chathair Pheadair de SoyuzMash na Rúise é Georgiy Antsev agus is é Ard-Stiúrthóir agus Stiúrthóir Gine é ar Joint Stock Company Research and Production Enterprise Radar MMS (JSC NPP Radar MMS). Is fiontar tionscal cosanta é JSC NPP Radar MMS a dhearann agus a tháirgeann córais frithingithe le haghaidh airm ardchruinnis, eitleonaic mhíleata agus shibhialta, córais monatóireachta agus loingseoireachta. Déanann JSC NPP Radar MMS cinn frithinge ghníomhaigh radair ARGS-14E agus ARGS-35E ARGS-54E a dhearadh chun diúracáin chúrsála a threorú go cruinn ag sprioc dromchla sa chuid deiridh den ruthag eitilte. Áirítear ar 3M-14E nó ar dhiúracáin eile de theaghlach Kalibr ceann frithinge ARGS-14E nó diúrachán níos forbartha, is é sin ARGS-54E. Áirítear le KH-35/35U Uran/3M-24 ceann frithinge ARGS-35E nó an t-athraitheach nuachóirithe Gran-KE. Tá ceann frithinge ARGS-35E san áireamh i gcoimpléasc diúracán cósta Bal a úsáideann diúracáin Kh-35/Kh-35E. Téann JSC NPP 'Radar MMS i mbun taighde agus forbairt ar chórais aerárthaí gan foireann a d'fhéadfaí a úsáid le haghaidh oibríochtaí míleata.	23.2.2024

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
1733.	Stanislav Petrovich SHEVCHUK (Станислав Петрович ШЕВЧУК)	Feidhm: Iar-Ard-Stiúrthóir an Federal State Enterprise Avangard (FKP Avangard) (go dtí an 1 Deireadh Fómhair 2024) Dáta breithe: 26.1.1972 Náisiúntacht: Rúiseach Inscne: fireann Uimhir Aitheantais Chánach: 143400493354	Ard-Stiúrthóir ar Federal State Enterprise Avangard (FKP Avangard) ab ea é Stanislav Shevchuk go dtí an 1 Deireadh Fómhair 2024. Is fiontar cosanta Rúiseach é FKP Avangard a chomhlíonann orduithe cosanta stáit chun trealamh míleata agus airm a dhiúscairt. Déanann FKP Avangard obair thaighde agus forbartha freisin maidir le cruthú agus nuachóiriú armlóin. Tá an fiontar faoi úinéireacht stáit trí Rostec State Corporation agus an Ghníomhaireacht Chónaidhme um Bainistiú Maoine Stáit. Cumhdaíodh nuachóiriú an fhiontair le clár spriocdhírthe feidearálach agus le riarachán críochach na Gníomhaireachta Cónaidhme um Bainistiú Maoine Stáit i mBaiscíría a sholáthair talamh do FKP Avangard chun a acmhainneacht táirgeachta a leathnú. Tá Stanislav Shevchuk ag tacú go hábharach le Rialtas Chónaidhm na Rúise, atá freagrach as ionghabháil na Crimé agus as díchobhsú na hÚcráine, agus baineann sé tairbhe as an méid sin.	23.2.2024


	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
1741.	<p>Aleksey Konstantinovich TALAY</p> <p>ar a dtugtar freisin Aleksey TALAI</p> <p>(Rúisis: Алексей Константинович ТАЛАЙ;</p> <p>Bealarúisis: Аляксей Канстанцінавіч ТАЛАЙ)</p>	<p>Feidhm: Bunaitheoir agus Ceann Charitable Foundation Aleksey Talay</p> <p>Dáta breithe: 22.1.1983</p> <p>Áit bhreithe: Orsha, an Bhealarúis</p> <p>Náisiúntacht: Bealarúiseach</p> <p>Inscne: fireann</p>	<p>Is é Aleksy Talay Bunaitheoir agus Ceann Aleksey Talai Charitable Foundation. Sa ról sin, bhí sé freagrach as leanaí Úcránacha a dhíbirt go neamhdhleathach chuig Poblacht na Bealarúise. Tá Aleksey Talay ar dhuine de na daoine is mó a bhfuil baint acu le leanaí Úcránacha a dhíbirt le forneart go dtí an Bhealarúis ionas go ndéanfadh teaghlaigh Rúiseacha agus Bhealarúiseacha iad a uchtú go neamhdhleathach ina dhiaidh sin. D’eagraigh agus d’éascaigh Aleksy Talay gluaiseacht leanaí ón Úcráin go dtí an Bhealarúis agus rinne sé comhordú le comhaltaí de réimeas na Bealarúise chun gluaiseacht leanaí ón Úcráin go dtí an Rúis a éascú sular tugadh go dtí an Bhealarúis iad. Faoi cheannaireacht Aleksey Talay, déantar dianteagasc idé-eolaíoch a chur ar leanaí Úcránacha . Tugtar ar na leanaí freastal ar chláir oideachais atá ag tacú go gníomhach le bolscaireacht stáit na Rúise, ina séantar go poiblí ceart na hÚcráine chun stáachta agus ina n-iarrtar “dínaitsiú” na tíre, agus ina n-iarrtar freisin go ndéanfaí an tír a “dhí-Úcránú” agus ina gcuirtear chun cinn an tuairim gur cheart don Úcráin a bheith mar dhlúthchuid den Rúis. Sáraíonn a chuid gníomhaíochtaí cearta leanaí Úcránacha agus sáraíonn siad dlí agus ord riaracháin na hÚcráine.</p> <p>Bhronn Uachtarán Chónaidhm na Rúise Ord Cairdis air.</p> <p>Dá bhrí sin, tá Aleksey Talay freagrach as gníomhaíochtaí agus beartais a chur chun feidhme lena mbaintear an bonn d’iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine agus ar bagairt iad na gníomhaíochtaí agus beartais sin ar an méid sin.</p>	23.2.2024

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
1784.	Aleksandr Aleksandrovich MORDOVIN (Александр Александрович МОРДОВИН)	Feidhm: Breitheamh de Chúirt Achomhairc mhíleata Chónaidhm na Rúise Dáta breithe: 1974 Náisiúntacht: Rúiseach Inscne: fireann	Is breitheamh de Chúirt Achomhairc Mhíleata Chónaidhm na Rúise é Aleksandr Mordovin. Sa phost sin, rinne sé an iliomad cinntí a raibh údar polaitiúil leo in éadan na ndaoine sin a bhí i gcoinne ionghabháil neamhdhleathach na Crimé agus Sevastopol, chomh maith le cinntí a bunaíodh ar fhoras reiligiúnach. Go háirithe, is é Aleksandr Mordovin a d'ionchúisigh Osman Arifmemetov, Amet Suleimanov agus príosúnaigh pholaitiúla eile. Tá sé ag tacú, dá bhrí sin, le gníomhaíochtaí agus beartais, agus cuireann sé chun feidhme iad, ar gníomhaíochtaí agus beartais iad lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine, agus ar bagairt iad na gníomhaíochtaí agus beartais sin ar an méid sin.	24.6.2024
1788.	Sergey Vyacheslavovich VINNIK (Сергей Вячеславович ВИННИК)	Feidhm: Breitheamh de Chúirt Achomhairc mhíleata Chónaidhm na Rúise Dáta breithe: 1983 Náisiúntacht: Rúiseach Inscne: fireann	Is breitheamh de Chúirt Achomhairc mhíleata Chónaidhm na Rúise é Sergey Vinnik. Sa phost sin, is é a d'ionchúisigh baill éagsúla de phobal Tatarach na Crimé, cuir i gcás Tymur Ibrahimov agus Seyran Saliyev, chomh maith le príosúnaigh pholaitiúla eile. Tá sé ag tacú, dá bhrí sin, le gníomhaíochtaí agus beartais, agus cuireann sé chun feidhme iad, ar gníomhaíochtaí agus beartais iad lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine, agus ar bagairt iad na gníomhaíochtaí agus beartais sin ar an méid sin.	24.6.2024

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
1793.	Dmitriy Fedorovich MEZENTSEV (Дмитрий Федорович МЕЗЕНЦЕВ)	Feidhm: iar-Státrúnaí an Aontais, Stát na Rúise agus an Bhealarúis, Ionadaí Uachtaránachta i gCúirt Bhunreachtúil Chónaidhm na Rúise Náisiúntacht: Rúiseach Dáta breithe: 18.8.1959 Áit bhreithe: Leningrad, APSS (Cathair Pheadair, Cónaidhm na Rúise feasta) Inscne: fireann An áit a meastar ina bhfuil sé: Moscó, Cónaidhm na Rúise Uimhir Aitheantais Chánach: 770302996102	Is é Dmitriy Mezentsev Ionadaí Uachtaránachta Chúirt Bhunreachtúil Chónaidhm na Rúise agus iar-Státrúnaí an Aontais, Stát na Rúise agus na Bealarúise. Ina ról mar Státrúnaí an Aontais, Stát na Rúise agus na Bealarúise, rannchuidigh Mezentsev le díbirt agus uchtú neamhdhleathach leanaí Úcránacha. Bhí díbirt neamhdhleathach go dtí an Bhealarúis agus athoideachas leanaí Úcránacha á n-éascú aige. Tá na gníomhaíochtaí atá á saothrú ag Mezentsev mar chuid de straitéis níos leithne de chuid Chónaidhm na Rúise chun saoránaigh na hÚcráine a dhíbirt go neamhdhleathach, straitéis a bhfuil Poblacht na Bealarúise comhpháirteach inti. Ó chuir sí tús lena cogadh foghach ar an Úcráin, d'aistrigh an Rúis a lán sibhialtach de chuid na hÚcráine chuig limistéir faoi fhorghabháil na Rúise, chuig an Rúis féin agus chuig an mBealarúis agus is minic a dhiúltaigh sí gluaiseacht shábháilte do na sibhialtaigh sin nó a chuir sí bac ar ghluaiseacht shábháilte go dtí na codanna sin den Úcráin atá faoi rialú ag an rialtas. Tá Mezentsev ar dhuine de na ceannairí sinsearach a bhfuil baint acu le leanaí a dhíbirt agus a fhuadach le forneart ón Úcráin go dtí an Bhealarúis. Sáraíonn gníomhaíochtaí Mezentsev cearta leanaí Úcránacha agus sáraíonn siad dlí agus ord riaracháin na hÚcráine. Dá bhrí sin, cuireann Dmitriy Mezentsev gníomhaíochtaí agus beartais chun feidhme, ar gníomhaíochtaí nó beartais iad lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine agus ar bagairt iad ar an méid sin.	24.6.2024

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
1798.	Lyudmila Sergeevna BOLATAEVA (Людмила Сергеевна БОЛАТАЕВА)	Feidhm: iarAire Forbartha Sóisialta Réigiún Mhoscó, leas-ghobharnóir réigiún Mhoscó (oblast) Dáta breithe: 30.1.1957 Áit bhreithe: Moscó, APSS (Cónaidhm na Rúise feasta) Náisiúntacht: Rúiseach Inscne: baineann Uimhir Aitheantais Chánach: 772373111279	Is í Lyudmila Bolataeva leas-ghobharnóir réigiún Mhoscó agus iar-Aire Forbartha Sóisialta Réigiún Mhoscó. Ina ról mar Aire Forbartha Sóisialta Réigiún Mhoscó, bhí baint aici le díbirt leanaí ó chríocha atá faoi fhorghabháil na hÚcráine go dtí an Rúis a eagrú. Sáraíonn na gníomhaíochtaí sin cearta leanaí Úcránacha agus sáraíonn siad dlí agus ord riaracháin na hÚcráine. Dá bhrí sin, tá Lyudmila Bolataeva ag tacú le gníomhaíochtaí agus beartais, agus cuireann sí chun feidhme iad, ar gníomhaíochtaí nó beartais iad lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine agus ar bagairt iad ar an méid sin.	24.6.2024

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
1815.	Vadim Viktorovich VASILIEV (Вадим Викторович ВАСИЛЬЕВ)	Feidhm: Stiúrthóir ar Roinn Forbartha Réigiúnaí na Rúise, atá mar chuid d'Aireacht Forbartha Eacnamaíche Chónaidhm na Rúise	<p>Is é Vadim Vasiliev iar Leas-Aire Foirgníochta, Tithíochta agus Fóntas Chónaidhm na Rúise, atá i gceannas ar an Roinn um Chur Chun Feidhme na gClár Infheistíochta Réigiúnaí, ar an Roinn um Chomhordú Fhorbairt Shocheacnamaíoch na Réigiún agus ar an Roinn Forbartha Sóisialta agus Eacnamaíche Críoch Áirithe. Bhí sé i gceannas ar bheartas na hAireachta Foirgníochta a chur chun feidhme i réigiúin Donetsk, Luhansk, Zaporizhzhia agus Kherson a ionghabhadh. Seoltar fóirdheontais ó bhuiséad cónaidhme Rialtas na Rúise tríd an Aireacht Foirgníochta chun 'athfhorbairt' réigiúin na hÚcráine atá faoi rialú na Rúise faoi láthair a neartú. Faoi láthair, is é stiúrthóir Roinn Forbartha Réigiúnaí na Rúise, atá mar chuid d'Aireacht Forbartha Eacnamaíche Chónaidhm na Rúise. Dá bhrí sin, is comhalta de rialtas na Rúise go fóill é.</p> <p>Dá bhrí sin, tá Vadim Vasiliev ag cur beartais chun feidhme lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí nó beartais ar an méid sin.</p>	24.6.2024

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
		<p>Leas-Aire Foirgníochta, Tithíochta agus Fónas Chónaidhm na Rúise, atá i gceannas ar an Roinn um Chur Chun Feidhme na gClár Infheistíochta Réigiúnaí, ar an Roinn um Chomhordú Fhorbairt Shocheacnamaíoch na Réigiún agus ar an Roinn um Fhorbairt Shóisialta agus Eacnamaíoch Críoch Áirithe</p> <p>Dáta breithe: 1986</p> <p>Áit bhreithe: Barnaul, Críoch Altai, APSS (Cónaidhm na Rúise feasta)</p> <p>Náisiúntacht: Rúiseach</p> <p>Inscne: fireann</p>		

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
1823.	Vladimir Zograbovich AVETISYAN (Владимир Зограбович АВЕТИСЯН)	Feidhm: Ard-Stiúrthóir agus bunaitheoir LLC “RBA-Management” Dáta breithe: 4.5.1955 Áit bhreithe: Réigiún Chelyabinsk, APSS (Cónaidhm na Rúise feasta) Náisiúntacht: Rúiseach Inscne: fireann Uimhir Aitheantais Chánach: 772005534726	Is é Vladimir Avetisyan iar-Ard-Stiúrthóir agus bunaitheoir LLC RBA-Management. Is cuideachta bainistíochta Rúiseach é LLC RBA-Management a sholáthraíonn seirbhísí dlí, cuntaíochta, slándála corparáidí agus seirbhísí bainistíochta eile, agus tá sé ag obair le custaiméirí a dhéanann speisialtóireacht ar sholáthar comhphárteanna leictreonacha. Bainistíonn LLC “RBA-Management” JSC “Compel” a ghlacann páirt i scéimeanna allmhairiúcháin le haghaidh comhphárteanna leictreonacha agus a sholáthraíonn comhphárteanna micrileictreonaice atá tábhachtach go straitéiseach do thionscail de chuid na Rúise, lena n-áirítear an tionscal míleata. Ós rud é gurb é Vladimir Avetisyan Ard-Stiúrthóir agus bunaitheoir LLC RBA-Management, bhí sé freagrach as gníomhaíochtaí na cuideachta agus, dá bhrí sin, tá sé freagrach as tacú go hábharach le Rialtas Chónaidhm na Rúise, atá freagrach as ionghabháil na Crimé agus as díchobhsú na hÚcráine.	24.6.2024

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
1824.	Mikhail Rudolfovich KONTSEREV (Михаил Рудольфович КОНЦЕРЕВ)	Feidhm: Ard-Stiúrthóir PJSC TransContainer Dáta breithe: 11.6.1970 Áit bhreithe: Leningrad, APSS (Cathair Pheadair, Cónaidhm na Rúise feasta) Náisiúntacht: Rúiseach Inscne: fireann Uimhir Aitheantais Chánach: I781400896256	<p>Is é Mikhail Kontsev Ar-Stiúrthóir Cuideachta Comhstoic Poiblí (PJSC) TransContainer. Is cuideachta iompair Rúiseach é PJSC TransContainer, an t-oibreoir coimeádán iarnróid is mó sa Rúis, earnáil eacnamaíoch atá ag fás go leantach sa Rúis. Tá méadú tagtha ar ioncam PJSC TransContainer ó 2023. Dá bhrí sin, mar Ard Stiúrthóir, tá Mikhail Kontsev bainteach leis an earnáil eacnamaíoch a sholáthraíonn foinsé shuntasach ioncaim do rialtas Chónaidhm na Rúise.</p> <p>Cuireann PJSC Transcontainer a seirbhísí ar fáil ag críochfort nua Chrios Eacnamaíoch Speisialta Alabuga. Tá crios eacnamaíoch speisialta Alabuga ag comhoibriú le hAireacht Cosanta agus Lóistíochta Fhórsaí Armtha na hIaráine chun áit tháirgeadh mhuinisean síománaíochta Shahed a aimsiú (tugtar “Geran” ar an leagan Rúiseach).</p> <p>Ina theannta sin, tá baint ag Cónaidhm na Rúise le TransContainer trí Rosatom. Thairis sin, tá baint ag TransContainer le scéimeanna trádála armán le Daon-Phoblacht Dhaonlathach na Cóiré (DPDC). Dá bhrí sin, tacaíonn PJSC TransContainer le Rialtas na Rúise.</p> <p>Dá bhrí sin, ina cháil mar Ard-Stiúrthóir PJSC TransContainer, tá Mikhail Kontsev ag tacú go hábharach le rialtas Chónaidhm na Rúise, atá freagrach as ionghabháil na Crimé agus as díchobhsú na hÚcráine.</p>	24.6.2024

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
1825.	Dimitry Aleksandrovich BELOGLAZOV (Дмитрий Александрович БЕЛОГЛАЗОВ)	Feidhm: Duine gnó, úinéir LLC Titul Dáta breithe: 18.2.1968 Náisiúntacht: Rúiseach Inscne: fireann Uimhir aitheantais chánach: 772602291749	Is é Dimitry Beloglazov úinéir LLC Titul (atá lonnaithe sa Rúis) a bhunaigh fochuideachta, Cuideachta Comhstoic (JSC) Iliadis (atá lonnaithe sa Rúis), chun sciar Oleg Deripaska de International LLC “Rasperia Trading Limited” (“Rasperia”, atá lonnaithe sa Rúis) a fháil. Tá 28.5 milliún scair ag Rasperia sa chuideachta Eorpach STRABAG SE. Rinneadh na scaireanna sin a reo, toisc go raibh Rasperia á rialú ag Oleg Vladimirovich Deripaska, duine atá faoi réir bearta sriantacha an Aontais. Chomhordaigh Oleg Deripaska scéim chasta imghabhála le Dimitry Beloglazov chun scaireanna reoite STRABAG a dhíol. Chuige sin, bhunaigh cuideachta Beloglazov, OOO Titul, fochuideachta, AO Iliadis, a fuair sciar Deripaska de Rasperia agus, ar an gcaoi sin, scaireanna reoite STRABAG freisin. Fuair Deripaska tairbhe eacnamaíoch choibhéiseach as díol Rasperia.	28.6.2024

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
			<p>Bhain Dmitry Beloglazov agus na cuideachtaí lena mbaineann LLC Titul, Iliadis JSC agus Rasperia, úsáid as an scéim sin chun cuideachta nach cuideachta de chuid an Aontais í atá faoi rialú duine liostaithe agus a bhfuil scaireanna reoite de chuid cuideachta de chuid an Aontais ina seilbh aici a dhíol lasmuigh den Aontas chun deireadh a chur le reo na scaireanna sin san Aontas agus chun na críche sin amháin agus, ar an gcaoi sin, dul timpeall ar bhearta sriantacha an Aontais.</p> <p>Dá bhrí sin, tá Dmitry Beloglazov ag éascú sáruithe ar an toirmeasc ar dhul timpeall ar Rialachán (AE) Uimh. 269/2014.</p>	

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
1871.	<p>Larisa Aleksandrovna DOLINA</p> <p>Rúisis: Лариса Александровна ДОЛИНА</p> <p>ar a dtugtar freisin Larisa KUDELMAN</p> <p>ar a dtugtar freisin Larisa MIONCHINSKAYA</p> <p>ar a dtugtar freisin Лариса КУДЕЛЬМАН</p> <p>ar a dtugtar freisin Лариса МИОНЧИНСКАЯ</p>	<p>Feidhm: Amhránaí agus aisteoir</p> <p>Dáta breithe: 10.9.1955</p> <p>Áit bhreithe: Baku, APSS (an Asarbaiseáin feasta)</p> <p>Náisiúntacht: Rúiseach</p> <p>Inscne: baineann</p>	<p>Is amhránaí agus aisteoir Rúiseach í Larisa Dolina. Ó thús chogadh foghach na Rúise ar an Úcráin is minic a thacaigh Dolina le gníomhaíochtaí na Rúise a chuireann iomláine chríochach, ceannasacht agus neamhspleáchas na hÚcráine i mbaol. Chuige sin, d'oibrigh Dolina le hAireacht Cosanta na Rúise agus threoraigh sí feachtais siamsaíochta thar ceann rialtas na Rúise chun luach saothair a thabhairt do phearsana míleata na Rúise as a rampháirtíocht i gcogadh foghach na Rúise ar an Úcráin. Thairis sin, thug sí ceolchoirmeacha poiblí i réigiún Donbas atá faoi fhorghabháil na Rúise i gcomhar le Rialtas na Rúise.</p> <p>Dá bhrí sin, tacaíonn sí le gníomhaíochtaí na Rúise ar bagairt iad ar iomláine chríochach, ar cheannasacht agus ar neamhspleáchas na hÚcráine agus tacaíonn sí le rialtas na Rúise i ndáil leis an gcogadh foghach ar an Úcráin.</p>	16.12.2024

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
1874.	Nikolay Vitalyevich TKACHENKO Rúisis: Николай Витальевич TKACHENKO	Feidhm: Duine gnó Dáta breithe: 21.8.1978 Príomhionad gnó: Cónaidhm na Rúise Uimhir Aitheantais Chánach: 773608049810	Is é Nikolay Tkachenko bainisteoir ginearálta Gazstroyprom JSC. Is cuideachta cheannródaíoch é Gazstroyprom JSC in earnáil fuinnimh na Rúise, a dhéanann tionscadail éagsúla chun gás nádúrtha a eastóscadh, a phróiseáil agus a iompar. Fostaíonn an chuideachta 95 000 duine agus tá sí gníomhach i ngach ceantar cónaidhme de Chónaidhm na Rúise. Soláthraíonn an earnáil fuinnimh, go háirithe an earnáil ola, ioncam suntasach do Rialtas Chónaidhm na Rúise. Dá bhrí sin, tá baint ag Nikolay Tkachenko le cuideachta atá rannpháirteach in earnáil eacnamaíoch ar foinse shuntasach ioncaim do Rialtas Chónaidhm na Rúise í, atá freagrach as ionghabháil neamhdhleathach na Crimé agus díchobhsú na hÚcráine.	16.12.2024

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
1880.	<p>Evgenii Anatolevich DRONOV</p> <p>Rúisis: Евгений Анатольевич ДРОНОВ</p>	<p>Feidhm: iar-Ard-Stiúrthóir JSC Tula Machine Building Plant</p> <p>Dáta breithe: 20.10.1947</p> <p>Náisiúntacht: Rúiseach</p> <p>Inscne: fireann</p> <p>Uimhir Aitheantais Chánach: 710600768047</p> <p>Eintitis chomhlachaithe: JSC Tula Machine Building Plant (ar a dtugtar freisin Tulamashzavod)</p>	<p>Ba é Evgenii Dronov Ard-Stiúrthóir JSC Tula Machine Building Plant (ar a dtugtar freisin Tulamashzavod). Is monaróir cosanta Rúiseach é JSC Tula Machine Building Plant a bhfuil speisialtóireacht aige i dtáirgeadh ardtrealaimh mhíleata, go háirithe i réimse na n-armra frith-aerárthaí agus na gcóras airtléire. Tá an chuideachta freagrach as roinnt príomhchórais chosanta a fhorbairt agus a mhonarú, lena n-áirítear córas diúracáin agus airtléire frith-aerárthaí KASHTAN, córas airtléire frith-aerárthaí PALMA, agus raon gunnaí móra uathoibríocha 30 mm agus meaisínghunnaí, mar shampla Gryazev-Shipunov GSh-6-30 agus 2A72. Tá na córais sin comhtháite in ardáin mhíleata éagsúla, lena n-áirítear feithiclí troda coisithe, mar shampla BMP-3 agus BTR-80A, agus tá siad suite freisin ar shócmhainní straitéiseacha mar shampla iompróir aerárthaí aicme Kuznetsov.</p>	24.2.2025

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
			<p>Rinneadh táirgí na cuideachta a imscaradh go gníomhach in oibríochtaí míleata éagsúla, lena n-áirítear cogadh foghach na Rúise ar an Úcráin, inar tuairiscíodh gur scriosadh roinnt córas ar nós fheithiclí troda coisithe BMP-3 agus chórais diúracán dromchla go haer Pantsir-S1.</p> <p>Ina cháil mar Ard-Stiúrthóir ar JSC Tula Machine Building Plant, bronnadh an teideal ‘Hero of Labor of the Russian Federation’ agus ‘Order for Merit to the Fatherland’ ar Evgenii Dronov.</p> <p>Dá bhrí sin, tá Evgenii Dronov ag tacú le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d’iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine agus ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin.</p>	

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
1900.	<p>LEE Chang Ho</p> <p>Cóiréis: 리창호</p> <p>Rúisis: ЛИ ЧХАН ХО</p> <p>ar a dtugtar freisin RI, Chang Ho</p> <p>ar a dtugtar freisin RHEE, Chang Ho</p>	<p>Feidhm: Coirnéal Ginearál (ó mhí Dheireadh Fómhair 2024) d'Arm Pobail na Cóiré, Ceann Bhiúró Ginearálta na Cóiré um Thaiscéalaíocht, comhalta de WPK Coimisiún Míleata Lárnach, Leas-Cheann Fhoireann Ghinearálta Arm Pobail na Cóiré (KPA)</p> <p>Dáta breithe: 1967</p> <p>Náisiúntacht: an Chóiré Thuaidh</p> <p>Inscne: fireann</p>	<p>Rinne Lee Chang Ho comhordú ar shaighdiúirí na Cóiré Thuaidh a imscaradh ar an láthair chatha san Úcráin, a bhféadfadh sé gur tugadh cúraimí dóibh a bhaineann le treallchogaíocht neamhrialta. Dá bhrí sin, bhí baint aige le saighdiúirí na Cóiré Thuaidh a bheith rannpháirteach sa chogadh ar an Úcráin. Bhí sé i gceannas ar aonaid cibirionsaithe mar shampla Lazarus agus Kim Suki.</p> <p>Dá bhrí sin, tá Lee Chang Ho freagrach as tacú le gníomhaíochtaí, agus as iad a chur chun feidhme, lena mbaintear an bonn de neamhspleáchas na hÚcráine.</p>	24.2.2025';

Eintitis

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
'54.	PSB Bank (ar a dtugtaí PROMSVYAZBANK tráth) (ПАО «Банк ПСБ», ПАО «Промсвязьбанк»)	In 1995 a bunaíodh é Seoladh: Respublikanskaya st. 16, Yaroslavl, Cónaidhm na Rúise Suíomh gréasáin: psbank.ru Daoine aonair comhlachaithe: Petr Fradkov, príomhoifigeach feidhmiúcháin Teileafón: 8 (800) 333 0303, +7 495 787 33 33 OGRN: 1027739019142 Uimhir Aitheantais Chánach: 7744000912	Is banc faoi úinéireacht Stát na Rúise é PSB Bank (ar a dtugtaí PROMSVYAZBANK tráth), a chuireann tacaíocht airgeadais ar fáil d'earnáil cosanta na Rúise agus d'fhórsaí míleata na Rúise, atá freagrach as imscaradh ollmhór trúpaí Rúiseacha feadh na teorann leis an Úcráin agus as trúpaí Rúiseacha a bheith i láthair i leithinis na Crimé. Tugann Uachtarán Chónaidhm na Rúise, Vladimir Putin, treoir dhíreach do PSB Bank agus, dá bhrí sin, cuireann sé tacaíocht airgeadais agus ábhartha ar fáil do chinnteoirí na Rúise atá freagrach as díchobhsú oirthear na hÚcráine agus as ionghabháil neamhdhleathach na Crimé. Oibríonn PSB Bank i leithinis na Crimé agus i gcríocha eile san Úcráin atá faoi fhorghabháil ag an Rúis. In 2023, rinne PSB Bank dhá bhanc a cheannach ar le Daon-Phoblachtaí Donetsk agus Luhansk iad. Dá bhrí sin tá idirbhearta á ndéanamh aige leis na grúpaí scarúnaíocha i réigiún Donbas na hÚcráine.	23.2.2022

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
75.	JSC Sozvezdie Concern (АО Концерн ‘Созвездие’)	<p>Seoladh: Plekhanovskaya Str., 14, Voronezh 394018, Cónaidhm na Rúise</p> <p>Teileafón: +7 473 252 52 52</p> <p>Suíomh gréasáin: https://www.sozvezdie.su</p> <p>Ríomhphost: office@sozvezdie.su</p> <p>Uimhir Aitheantais Chánach: 3666127502</p> <p>Uimhir chlárúcháin stáit: 1053600445337</p>	<p>Is é JSC Sozvezdie Concern forbróir agus monaróir cogaíochta leictreonaí, cumarsáid raidió, córais agus trealamh frithbheart leictreonach.</p> <p>Bhain Fórsaí Armtha na Rúise úsáid as aonaid ilfheidhmeacha de chóras armán cogaíochta leictreonaí Borisoglebsk-2 a d’fhorbair agus a mhonaraigh JSC Sozvezdie Concern le linn fhogha míleata gan chúis na Rúise faoin Úcráin in 2022. Roimhe sin, bhí córas Borisoglebsk-2 in úsáid ar chríoch scarúnaíoch ‘Daon-Phoblacht Luhansk’, mar a ghairtear di, in Oirthear na hÚcráine.</p> <p>Dá bhrí sin, tá JSC Sozvezdie Concern freagrach as tacaíocht a thabhairt, go hábharach nó ó thaobh airgeadais de, do ghníomhaíochtaí a bhaineann an bonn d’iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin.</p>	8.4.2022

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
78.	JSC Baltic Shipbuilding Plant 'Yantar' ar a dtugtar freisin Yantar Shipyard (Прибалтийский судостроительный завод 'Янтарь')	Seoladh: 1 Guskova square, 236005, Kaliningrad, Cónaidhm na Rúise Teileafón: +7 (4012) 61 30 83 Suíomh gréasáin: https://shipyard-yantar.ru/en Ríomhphost: office@shipyard-yantar.ru Uimhir Aitheantais Chánach: 3900000111 Uimhir chlárúcháin stáit: 1023901861213	Tá JSC Baltic Shipbuilding Plant 'Yantar' (ar a dtugtar freisin Yantar Shipyard) mar chuid de United Shipbuilding Corporation ilchuideachta longhógála Rúiseach atá faoi úinéireacht stáit, arb é an príomhsholáthróir longa cogaidh míleata do Chabhloch na Rúise. Thóg sé tionscadal 'Pyotr Morgunov' 11711 long mhórthuirlingthe, a d'úsáid an Rúis le linn an fhogha míleata gan chúis faoin Úcráin in 2022. Dá bhrí sin, tá sí freagrach as tacaíocht a thabhairt, go hábhartha nó ó thaobh airgeadais de, do ghníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin.	8.4.2022

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
79.	Otkritie FC Bank (ar a dtugtaí NOMOS Bank tráth)	An cineál eintitis: Cuideachta Comhstoic phoiblí Seoladh: D. 2, str. 4, ul. Letnikovskaya, 115114, Moscó, Cónaidhm na Rúise Suíomh gréasáin: https://www.open.ru/ Teileafón: + 7 (495) 224-44-00 Dáta clárúcháin: 15.12.1999 Uimhir chlárúcháin: 1027739019208 Uimhir aitheantais chánach: 7706092528 SWIFT BIC: JSNMRUMM Eintitis chomhlachaithe: VTB Group	Tá Otkritie FC Bank, ar a dtugtaí NOMOS Bank tráth, ar cheann de na 10 mbanc is mó sa Rúis agus is institiúid airgeadais é atá tábhachtach go sistéamach do rialtas Chónaidhm na Rúise. Is comhalta den VTB Group é. An 1 Eanáir 2025 rinneadh Otkritie FC Bank a atheagrú agus chuaigh sé isteach in BM-Banc mar aontachas. Is é Banc Ceannais na Rúise príomhinfeisteoir Otkritie Bank, a bhfuil 99-100 % de na scaireanna ina sheilbh aige. Mar cheann de na hinstiúidí airgeadais is mó atá faoi úinéireacht stáit na Rúise, gineann Otkritie Bank ioncam ard do Bhanc Ceannais na Rúise agus do rialtas Chónaidhm na Rúise. Is eintiteas nó comhlacht é Otkritie Bank dá bhrí sin a thacaíonn, go hábhartha nó ó thaobh airgeadais de, le rialtas Chónaidhm na Rúise, atá freagrach as ionghabháil na Crimé agus díchobhsú na hÚcráine, nó a bhaineann tairbhe as an méid sin, chomh maith le duine dlíthiúil, eintiteas nó comhlacht a bhfuil baint acu le hearnálacha eacnamaíocha ar foinse shuntasach ioncaim iad do rialtas Chónaidhm na Rúise, atá freagrach as ionghabháil na Crimé agus as díchobhsú na hÚcráine.	8.4.2022

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
126.	CREDIT BANK OF MOSCOW (Rúisis: Московский кредитный банк)	<p>Seoladh: Seoladh: 2 Lukov pereulok, building 1, Moscó 107045, Cónaidhm na Rúise</p> <p>Suíomh gréasáin: https://mkb.ru/</p> <p>Teileafón: +7 (495) 777-48-88</p> <p>Ríomhphost: info@mkb.ru</p> <p>An cineál eintitis: Cuideachta comhstoic phoiblí</p> <p>Áit chlárúcháin: Cónaidhm na Rúise</p> <p>Dáta clárúcháin: 1992</p> <p>Uimhir chlárúcháin: 1027739555282</p> <p>Uimhir Aitheantais Chánach: 7734202860</p> <p>Príomhionad gnó: Cónaidhm na Rúise</p>	<p>Is é Credit Bank of Moscow an banc poiblí is mó nach de chuid an stáit é sa Rúis agus is é an séú institiúid airgeadais is mó sa Rúis. Is institiúid airgeadais é a bhfuil tábhacht shistéamach aici do Rialtas Chónaidhm na Rúise. Oibríonn an banc in earnáil na seirbhísí airgeadais, a bhfuil tábhacht straitéiseach aici do gheilleagar na Rúise agus ar foinse shuntasach ioncaim í do Rialtas Chónaidhm na Rúise.</p> <p>Faigheann Credit Bank of Moscow tacaíocht stáit. I mí na Bealtaine 2022 fuair sé ceadúnas onnmhairithe óir ón rialtas. Dá bhrí sin, baineann sé tairbhe dhíreach as Rialtas Chónaidhm na Rúise, arb é atá freagrach as ionghabháil na Crimé agus as díchobhsú na hÚcráine.</p> <p>Tá Credit Bank of Moscow rannpháirteach, dá bhrí sin, in earnáil eacnamaíoch ar foinse shuntasach ioncaim í do Rialtas Chónaidhm na Rúise, arb é atá freagrach as ionghabháil na Crimé agus as díchobhsú na hÚcráine. Anuas air sin, tá Credit Bank of Moscow ag baint tairbhe as Rialtas Chónaidhm na Rúise, arb é atá freagrach as ionghabháil na Crimé agus as díchobhsú na hÚcráine.</p>	16.12.2022

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
127.	<p>JSC 'DALNEVOSTOCHNIY BANK' (JSC 'Far Eastern Bank')</p> <p>(Rúisis: AO 'ДАЛЬНЕВОСТОЧНЫЙ БАНК')</p>	<p>Seoladh: 27-a, Verkhneportovaya Street, Vladivostok 690990, Cónaidhm na Rúise</p> <p>Suíomh gréasáin: http://www.dvbank.ru/</p> <p>An cineál eintitis: Cuideachta comhstoic</p> <p>Áit chlárúcháin: Cónaidhm na Rúise</p> <p>Dáta clárúcháin: 20.11.1990</p> <p>Uimhir chlárúcháin: 1022500000786</p> <p>Uimhir Aitheantais Chánach: 2540016961</p> <p>Príomhionad gnó: Cónaidhm na Rúise</p>	<p>Is ceann de na bainc is mó i gCianoirthear na Rúise é Dalnevostochny Bank agus institiúid airgeadais é atá tábhachtach do Rialtas Chónaidhm na Rúise. Oibríonn an banc in earnáil na seirbhísí airgeadais, a bhfuil tábhacht straitéiseach aici do gheilleagar na Rúise agus ar foinse shuntasach ioncaim í do Rialtas Chónaidhm na Rúise.</p> <p>Tá Dalnevostochny Bank freisin ar cheann de na bainc atá údaraithe tacaíocht bhaincéireachta a chur ar fáil do chonarthaí i réimse chosaint Stáit na Rúise agus tá sé páirteach i líon mór clár de chuid an Stáit. Dá bhrí sin, tá tábhacht straitéiseach ann do Rialtas na Rúise i gcomhthéacs an chogaidh fhoghaigh ar an Úcráin.</p> <p>Tá Dalnevostochny Bank rannpháirteach, dá bhrí sin, in earnáil eacnamaíoch ar foinse shuntasach ioncaim í do Rialtas Chónaidhm na Rúise, arb é atá freagrach as ionghabháil na Crimé agus as díchobhsú na hÚcráine. Anuas air sin, tá tacaíocht airgeadais á tabhairt aige do Rialtas Chónaidhm na Rúise, arb é atá freagrach as ionghabháil na Crimé agus as díchobhsú na hÚcráine.</p>	16.12.2022

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
134.	JSC CENTRAL RESEARCH INSTITUTE 'BUREVESTNIK' (Rúisis: АО ЦЕНТРАЛЬНЫЙ НАУЧНО-ИССЛЕДОВАТЕЛЬСКИЙ ИНСТИТУТ 'БУРЕВЕСТНИК')	Seoladh: Sormovskoe highway 1a, city of Nizhny Novgorod, Nizhny Novgorod region, Cónaidhm na Rúise (HQ) Suíomh gréasáin: https://www.burevestnik.com/products_engl/history.html Teileafón: +7 (831) 241-12-42 Ríomhphost: mail@burevestnik.com An cineál eintitis: Cuideachta Comhstoic Uimhir chlárúcháin: 1085259003664 Uimhir Aitheantais Chánach: 5259075468	Is cuideachta Rúiseach i dtionscal na n-arm í JSC CENTRAL RESEARCH INSTITUTE 'BUREVESTNIK'. Ó bunaíodh í (in 1970) tá thart ar 400 cineál éagsúla arm agus trealamh míleata forbartha ag an gcuideachta. Is fearr aithne uirthi as na hairm seo a leanas a tháirgeadh: suiteálacha airtléire le haghaidh airtléire cabhlaigh AK-176, A-190; Moirtéir shoghluaiste (cineálacha 2B11, 2K32, 2C12, 2B25), habhatsar 2C35 agus eile. Soláthraíonn JSC CENTRAL RESEARCH INSTITUTE 'BUREVESTNIK' moirtéir de chineálacha éagsúla d'Fhórsaí Armtha na Rúise, moirtéir atá á n-úsáid sa chogadh foghach ar an Úcráin. Dá bhrí sin, tá JSC CENTRAL RESEARCH INSTITUTE 'BUREVESTNIK' freagrach as tacaíocht ábharach a thabhairt do ghníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad ar an méid sin.	16.12.2022

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
135.	<p>LIMITED LIABILITY COMPANY ‘VOLGOGRAD MACHINE-BUILDING COMPANY “VGTZ”’</p> <p>(Rúisis: (Rúisis: ОБЩЕСТВО С ОГРАНИЧЕННОЙ ОТВЕТСТВЕННОСТЬЮ ‘ВОЛГОГРАДСКАЯ МАШИНОСТРОИТЕЛЬНАЯ КОМПАНИЯ “ВГТЗ”’))</p>	<p>Seoladh: square Im. Dzerzhinskogo 1, 400006, Volgograd, Volgogradskaya oblast, Cónaidhm na Rúise</p> <p>An cineál eintitis: Cuideachta faoi Dhliteanas Teoranta</p> <p>Áit chlárúcháin: Réigiún Volgograd, Volgograd, Cónaidhm na Rúise</p> <p>Dáta clárúcháin: an 28.11.2002</p> <p>Uimhir chlárúcháin: 1023402461752</p> <p>Uimhir Aitheantais Chánach: 3441023695</p> <p>Príomhionad gnó: an Rúis</p>	<p>Is forbróir agus monaróir Rúiseach feithiclí comhraic cur i dtír é LLC ‘Volgograd Machine Building Company “VGTZ”’.</p> <p>Forbraíonn agus monaraíonn LLC ‘Volgograd Machine Building Company “VGTZ”’ feithiclí comhraic ó BMD-4M, BTR-MDM go dtí feithiclí nuachóirithe troda coisithe BMP-2 agus BMP-3, atá á n-úsáid ag Fórsaí Armtha na Rúise i gcogadh foghach na Rúise ar an Úcráin.</p> <p>Dá bhrí sin, tá LLC ‘Volgograd Machine Building Company “VGTZ”’ freagrach as tacaíocht ábharach a thabhairt do ghníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d’iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad ar an méid sin. Tairbhíonn LLC ‘Volgograd Machine Building Company “VGTZ”’ de chogadh foghach na Rúise ar an Úcráin mar chuireann sé le soláthar feithiclí troda d’Fhórsaí Armtha na Rúise agus baineann, dá bhrí sin, tairbhe dhíreach as an ngá méadaitheach le hairm. Mar gheall ar an ngá méadaitheach seo le hairm, tá LLC ‘Volgograd Machine Building Company “VGTZ”’ ag tairbhiú de Rialtas Chónaidhm na Rúise, atá freagrach as ionghabháil na Crimé agus as díchobhsú na hÚcráine.</p>	16.12.2022

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
136.	JSC Bryansk Automobile Plant JSC 'BAZ' (Rúisis: АО 'Брянский автомобильный завод' АО 'BA3')	Seoladh: Seoladh: 1 Staleliteynaya ul., Bryansk, 241035, Bryanskaya oblast, Russian Federation An cineál eintitis: Cuideachta comhstoic Áit chlárúcháin: Réigiún Bryansk, Bryansk, Cónaidhm na Rúise Dáta clárúcháin: 4.4.2008 Uimhir chlárúcháin: 1083254005141	Is é JSC Bryansk Automobile Plant an t-aon mhonaróir Rúiseach a tháirgeann fonnaidh rothacha speisialta agus tarracóirí (SKST) a bhfuil ardchumas tras-tíre acu, arb iad is bun le hardán iompair na modhanna cosanta aeir, roicéad agus spáis, idir iad sin atá ann anois agus na cinn a bheidh ann amach anseo, agus a freisin úsáidtear ar bhealach gníomhach mar chuid de mheáin shoghluaiste radartaiscéalaíochta, tacaíochta innealtóireachta, agus córas ilteilgin roicéad. Táirgeann JSC Bryansk Automobile Plant fonnaidh rothacha speisialta agus tarracóirí, a mbaintear úsáid astu chun córais diúracán frith-aerárthaí S-350, S-400, Tor-M2 agus córais eile diúracán cosanta aeraspáis a shuiteáil. Úsáideann Fórsaí Armtha na Rúise na córais aerchosanta sin i gcogadh foghach na Rúise ar an Úcráin.	16.12.2022

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
		Uimhir Aitheantais Chánach: 3255502838 Príomhionad gnó: an Rúis	Dá bhrí sin, tá JSC Bryansk Automobile Plant freagrach as tacaíocht ábharach a thabhairt do ghníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad ar an méid sin. Tairbhíonn JSC Bryansk Automobile Plant de chogadh foghach na Rúise ar an Úcráin mar chuireann sé le soláthar fonnadh rothach speisialta agus tarracóirí le haghaidh córais aerchosanta Fhórsaí Armtha na Rúise agus baineann, dá bhrí sin, tairbhe dhíreach as an ngá méadaitheach le hairm. Mar gheall ar an ngá méadaitheach seo le hairm, tá JSC Bryansk Automobile Plant ag tairbhiú de Rialtas Chónaidhm na Rúise, atá freagrach as ionghabháil na Crimé agus as díchobhsú na hÚcráine.	

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
137.	<p>‘JSC MACHINE BUILDING COMPANY “VITYAZ”</p> <p>(Rúisis: АО ‘МАШИНОСТРОИТЕЛЬНАЯ КОМПАНИЯ “ВИИТЯЗЬ”)</p>	<p>Seoladh: Seoladh: 2 Industrialnoe sh., Ishimbai city, Republic of Bashkortostan, Cónaidhm na Rúise (HQ)</p> <p>Uimhir chlárúcháin: 1050202782277</p> <p>Uimhir Aitheantais Chánach: 0261013879</p> <p>Teileafón: +7 (347) 942-47-87</p> <p>Ríomhphost: vityaz@bolotohod.ru</p> <p>An cineál eintitis: Cuideachta Comhstoic</p>	<p>Is cuideachta Rúiseach í ‘JSC MACHINE BUILDING COMPANY “VITYAZ”’ (nó JSC VITYAZ) atá bainteach le forbairt, táirgeadh, oibriú agus deisiú feithiclí míleata armtha. Is táirgeoir paitinnithe an DT-30 ‘Vityaz’ í. Soláthraíonn agus monaraíonn JSC VITYAZ feithiclí dhánasc uile-thír-raoin DT-30 ‘Vityaz’ le crios boinn d’Fhórsaí Armtha na Rúise, a mbaintear úsáid astu sa chogadh foghach ar an Úcráin.</p> <p>Dá bhrí sin, tá JSC VITYAZ freagrach as tacaíocht ábharach a thabhairt do ghníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d’iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad ar an méid sin.</p>	16.12.2022

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
138.	<p>JSC KAZAN PLANT OPTICAL AGUS MECHANICAL (JSC KOMZ)</p> <p>(Rúisis: АО КАЗАНСКИЙ ОПТИКО-МЕХАНИЧЕСКИЙ ЗАВОД (АО КОМЗ))</p>	<p>Seoladh: st. Lipatova, 37, Kazan, Poblacht na Tatarstáine, Cónaidhm na Rúise</p> <p>Uimhir chlárúcháin: 1021603617188</p> <p>Uimhir Aitheantais Chánach: 1660004229</p> <p>Teileafón: +7 (843) 235-80-35</p> <p>Suíomh gréasáin: https://komzrt.ru/</p> <p>Ríomhphost: Info@komzrt.ru</p> <p>An cineál eintitis: Cuideachta Comhstoic</p>	<p>Is fiontar éagsúlaithe Rúiseach é JSC KOMZ atá speisialaithe i bhforbairt agus táirgeadh feistí optúla agus trealamh leictreonaigh cogaithe (lena n-áirítear radair, déshúiligh, etc).</p> <p>Táirgeann JSC KOMZ an trealamh leictreonach cogaithe, Moscow-1 (Москва-1), Rychag-AV (Рычаг-АВ) agus Quicksilver-ВМ (Ртуть-ВМ), atá á seachadadh d'Fhórsaí Armtha na Rúise agus a mbaintear úsáid astu i gcogadh foghach na Rúise ar an Úcráin.</p> <p>Dá bhrí sin, tá JSC KOMZ freagrach as tacaíocht ábharach a thabhairt do ghníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad ar an méid sin. Tairbhíonn JSC KOMZ de chogadh foghach na Rúise ar an Úcráin mar chuireann sé le soláthar córas leictreonach cogaithe d'Fhórsaí Armtha na Rúise agus baineann, dá bhrí sin, tairbhe dhíreach as an ngá méadaitheach le hairm. Mar gheall ar an ngá méadaitheach seo le hairm, tá JSC KOMZ ag tairbhiú de Rialtas Chónaidhm na Rúise, atá freagrach as ionghabháil na Crimé agus as díchobhsú na hÚcráine.</p>	16.12.2022

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
139.	JSC ENIKS (Rúisis: АО 'ЭНИКС')	<p>Seoladh: st. Korolenko 120, Kazan, Republic of Tatarstan, Cónaidhm na Rúise</p> <p>Teileafón: +7 (843) 212-07-08</p> <p>Suíomh gréasáin: https://enics.aero/</p> <p>Ríomhphost: uav@enics.ru</p> <p>An cineál eintitis: Cuideachta comhstoic</p> <p>Áit chlárúcháin: Cónaidhm na Rúise</p> <p>Dáta clárúcháin: 6.6.2003</p> <p>Uimhir chlárúcháin: 1031632202227</p> <p>Uimhir Aitheantais Chánach: 1661009974</p> <p>Príomhionad gnó: Cónaidhm na Rúise</p>	<p>Is cuideachta Rúiseach í JSC ENIKS atá i mbun forbairt, táirgeadh, oibriú agus deisiú coimpléasc aersprice agus aerfheithiclí gan foireann (UAVanna), córas chianfhaireachais agus trealaimh cogáochta eile. Soláthraíonn agus monaraíonn JSC ENIKS UAVanna monaraithe (Eleron-3 agus Eleron-10) d'Fhórsaí Armtha na Rúise, a mbaintear úsáid astu sa chogadh foghach ar an Úcráin.</p> <p>Dá bhrí sin, tá JSC ENIKS freagrach as tacaíocht ábharach a thabhairt do ghníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad ar an méid sin.</p>	16.12.2022

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
141.	<p>JSC IZHEVSK ELECTROMECHANICAL PLANT “KUPOL”</p> <p>(Rúisis: ИЖЕВСКИЙ ЭЛЕКТРОМЕХАНИЧЕСК ИЙ ЗАВОД ‘КУПОЛ’)</p>	<p>Seoladh: Pesochnaya str. Seoladh: Pesochnaya st. 3, city of Izhevsk, Poblacht na hUdmairt, Cónaidhm na Rúise (HQ)</p> <p>Uimhir chlárúcháin: 1021801143374</p> <p>Uimhir Aitheantais Chánach: 1831083343</p> <p>Teileafón: +7 (3412) 72-22-09</p> <p>Ríomhphost: iemz@kupol.ru</p> <p>An cineál eintitis: Cuideachta Comhstoic</p> <p>Dáta clárúcháin: 23.4.2002</p> <p>Príomhionad gnó: an Rúis</p>	<p>Is cuideachta Rúiseach í JSC IZHEVSK ELECTROMECHANICAL PLANT ‘KUPOL’ (nó JSC IEMZ ‘KUPOL’) atá ag gabháil d’fhorbairt, táirgeadh, oibriú agus deisiú córas diúracán Tor, ar chóras diúracáin uile-aimsire, íseal go meánairde, gearr-raoin dromchla go haer iad, atá deartha chun eitleáin, héileacaptair, diúracáin chúrsála, etc., a scríosadh.</p> <p>Soláthraíonn JSC IZHEVSK ELECTROMECHANICAL PLANT ‘KUPOL’ córais diúracán Tor monaraithe d’Fhórsaí Armtha na Rúise, a mbaintear úsáid astu sa chogadh foghach ar an Úcráin.</p> <p>Dá bhri sin, tá JSC IZHEVSK ELECTROMECHANICAL PLANT ‘KUPOL’ freagrach as tacaíocht ábharach a thabhairt do ghníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d’iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad ar an méid sin.</p>	16.12.2022

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
142.	JSC VOSTOCHNAIA VERF (Rúisis: AO 'ВОСТОЧНАЯ ВЕРФЬ')	Seoladh: st. Heroes of the Pacific 1, Vladivostok, Primorsky Krai, Russian Federation (HQ) An cineál eintitis: Cuideachta Comhstoic Dáta clárúcháin: 6.8.1994 Uimhir chlárúcháin: 1022501797064 Uimhir Aitheantais Chánach: 2537009643 Príomhionad gnó: an Rúis	Is cuideachta Rúiseach longthógála í JSC VOSTOCHNAIA VERF. Is eol freisin gur comh-mhonoróir í de chineál sonrach bád scuabtha mianach, agus cineálacha éagsúla d'árthaí dul i dtír (mar shampla, Tionscadal 11770). Léiríonn foinsí poiblí go raibh roinnt árthaí dul i dtír arna dtáirgeadh ag JSC VOSTOCHNAIA VERF á n-úsáid le linn chogadh foghach na Rúise ar an Úcráin. Soláthraíonn agus monaraíonn JSC VOSTOCHNAIA VERF longa dul i dtír monaraithe d'Fhórsaí Armtha na Rúise, a mbaintear úsáid astu sa chogadh foghach ar an Úcráin. Dá bhrí sin, tá JSC VOSTOCHNAIA VERF freagrach as tacaíocht ábharach a thabhairt do ghníomhaíochtaí lenar baineadh an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bhagairt iad ar an méid sin.	16.12.2022

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
144.	<p>JSC A.E. NUDELMAN DESIGN BUREAU OF PRECISION MACHINE BUILDING (KB TOCHMASH)</p> <p>(Rúisis: АО КОНСТРУКТОРСКОЕ БЮРО ТОЧНОГО МАШИНОСТРОЕНИЯ ИМ. А. Э. НУДЕЛЬМАНА (КБ ТОЧМАШ))</p>	<p>Seoladh: str. Vvedensky, 8, Moscó, Cónaidhm na Rúise (HQ)</p> <p>Uimhir chlárúcháin: 1117746904417</p> <p>Uimhir Aitheantais Chánach: 7728789425</p> <p>Suíomh gréasáin: http://www.kbtochmash.ru/</p> <p>Teileafón: +7 (495) 333-01-65</p> <p>Ríomhphost: mail@kbtochmash.ru</p> <p>An cineál eintitis: Cuideachta Comhstoic</p> <p>Príomhionad gnó: Cónaidhm na Rúise</p>	<p>Tá KB TOCHMASH mar chuid den chuideachta faoi úinéireacht stát na Rúise, Almaz-Antey Concern, agus is forbróir arm Rúiseach é a mhonaraíonn réimse leathan de chórais chosanta frith-aerárthaí, MANPADS, diúracáin, lena n-áirítear airm bheachtais mhéadaithe.</p> <p>Táirgeann KB TOCHMASH córais diúracán frith-aerárthaí Strela-10 agus Sosna-R, córais a raibh úsáid fhorleathan á baint astu le linn chogadh foghach na Rúise ar an Úcráin in 2022.</p> <p>Dá bhrí sin, tá KB TOCHMASH freagrach as tacaíocht ábharach a thabhairt do ghníomhaíochtaí lenar baineadh an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bhagairt iad ar an méid sin. Tairbhíonn KB TOCHMASH de chogadh foghach na Rúise ar an Úcráin mar cuireann sé le soláthar córais diúracán frith-aerárthaí d'Fhórsaí Armtha na Rúise agus baineann, dá bhrí sin, tairbhe as an ngá méadaitheach le hairm. Dá bhrí sin tá KB TOCHMASH, ag baint tairbhe as Rialtas Chónaidhm na Rúise, atá freagrach as ionghabháil na Crimé agus as díchobhsú na hÚcráine.</p>	16.12.2022

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
145.	JSC Automobile Plant URAL (Rúisis: АО АВТОМОБИЛЬНЫЙ ЗАВОД 'УРАЛ')	Seoladh: Seoladh: 1 Avtozavodtsev Prospect, Miass, Réigiún Chelyabinsk, 456304 Cónaidhm na Rúise Suíomh gréasáin: https://uralaz.ru/ Teileafón: +7 (3513) 55-49-83 An cineál eintitis: Cuideachta comhstoic Áit chlárúcháin: Chelyabinsk Oblast, Cónaidhm na Rúise Dáta clárúcháin: 22.6.2000 Uimhir chlárúcháin: 1027400870826 Uimhir Aitheantais Chánach: 7415029289 Príomhionad gnó: Cónaidhm na Rúise	Is monaróir Rúiseach trucaíl é JSC Automobile Plant 'URAL' agus é mar cheann de phríomhsholáthróirí trucaíl armúrtha do fhórsaí armtha na Rúise. Tá baint ag Automobile Plant URAL le clár feithiclí móra Typhoon na Rúise. Is sraith é Typhoon d'fheithiclí comhraic armúrtha (AFV) Rúiseacha atá frithsheasmhach do mhianach agus cosanta ar luíocháin (MRAP) agus atá i seirbhís ó 2014. Tá sraith trucaíl Typhoon cláraithe i gClár Arm Stát na Rúise (Russian State Arms Program). Déantar na feithiclí sin a chóimeáil san Automobile Plant URAL faoi chonradh stáit le hAireacht Cosanta na Rúise. Táirgeann Ural Automobile Plant feithiclí Ural-4320 agus Typhoon, a bhfuil úsáid á baint acu ag Fórsaí Armtha na Rúise le linn chogadh foghach na Rúise ar an Úcráin in 2022. Dá bhrí sin, tá Automobile Plant URAL freagrach as tacaíocht ábharach a thabhairt do ghníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad ar an méid sin. Tairbhíonn Automobile Plant URAL de chogadh foghach na Rúise ar an Úcráin mar chuireann sé le soláthar trucaíl armúrtha d'Fhórsaí Armtha na Rúise agus baineann, dá bhrí sin, tairbhe as an ngá méadaitheach le hairm. Dá bhrí sin, tá Automobile Plant URAL ag baint tairbhe as Rialtas Chónaidhm na Rúise, atá freagrach as ionghabháil na Crimé agus as díchobhsú na hÚcráine.	16.12.2022

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
146.	RESEARCH DESIGN BYURO "NOVATOR" (Rúisis: ОПЫТНОЕ-КОНСТРУКТОРСКОЕ БЮРО 'НОВАТОР')	Seoladh: Prospekt Kosmonavtov, 18, Yekaterinburg, Sverdlovsk Oblast, Cónaidhm na Rúise (HQ) Uimhir chlárúcháin: 1026605611339 Uimhir Aitheantais Chánach: 6673092045 An cineál eintitis: Cuideachta Comhstoic Príomhionad gnó: an Rúis	Is cuideachta Rúiseach í JSC RESEARCH DESIGN BYURO 'NOVATOR' atá ag gabháil d'fhorbairt, táirgeadh, oibriú agus deisiú diúracán fadraoin frith-aerárthaí, diúracán cúrsála, diúracán frithbhailistíocha agus trealaimh cogaithe eile. Soláthraíonn JSC 'NOVATOR' diúracáin chúrsála 3M-54 Kalibr (ar a dtugtar freisin 3M54-1 Kalibr agus 3M14 Biryuza) d'Fhórsaí Armtha na Rúise, a mbaintear úsáid astu sa chogadh foghach ar an Úcráin. Dá bhrí sin, tá JSC RESEARCH DESIGN BYURO 'NOVATOR' freagrach as tacaíocht ábharach a thabhairt do ghníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad ar an méid sin.	16.12.2022

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
147.	<p>JSC NAUCHNO-PROIZVODSTVENNOE OBEDINENIE RUSSKIE BAZOVYE INFORMACIONNYE TEHNOLOGII (JSC RPA RUSBITECH)</p> <p>(Rúisis: АО 'НАУЧНО-ПРОИЗВОДСТВЕННОЕ ОБЪЕДИНЕНИЕ РУССКИЕ БАЗОВЫЕ ИНФОРМАЦИОННЫЕ ТЕХНОЛОГИИ' (АО 'НПО РУСБИТЕХ'))</p>	<p>Seoladh: Varshavskoe sh. 26 building 11, Moscó, Cónaidhm na Rúise (HQ)</p> <p>Suíomh gréasáin: https://rusbitech.ru/</p> <p>Teileafón: +7 (495) 648-06-40</p> <p>Ríomhphost: mail@rusbitech.ru</p> <p>An cineál eintitis: Cuideachta comhstoic</p> <p>Áit chlárúcháin: Cónaidhm na Rúise</p> <p>Dáta clárúcháin: 22.9.2008</p> <p>Uimhir chlárúcháin: 5087746137023</p> <p>Uimhir Aitheantais Chánach: 7726604816</p> <p>Príomhionad gnó: Cónaidhm na Rúise</p>	<p>Is cuideachta Rúiseach teicneolaíochta í JSC RPA RUSBITECH atá speisialaithe i dtáirgeadh réitigh ardteicneolaíochta do struchtúir forfheidhmithe na Rúise, go príomha d'Fhórsaí Armtha na Rúise. An táirge is fearr aithne air ná an córas oibriúcháin ríomhaireachta ar a dtugtar Astra Linux, arb é a úsáidtear sa lá atá inniu ann ar fud fhórsaí míleata na Rúise ina n-iomláine beagnach. Tá príomhchórais faisnéise Cheanncheathrú Arm na Rúise bunaithe ar Astra Linux. Tá aithne freisin ar an gcuideachta mar mhonaróir na bpointí ceannais den chineál APE-5, a mbaintear úsáid ghníomhach astu don chumarsáid allamuigh le linn chogadh foghach na Rúise ar an Úcráin.</p> <p>Dá bhrí sin, tá JSC RPA RUSBITECH freagrach as tacaíocht ábharach a thabhairt do ghníomhaíochtaí lenar baineadh an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bhagairt iad ar an méid sin.</p>	16.12.2022

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
148.	JSC Concern Radio-Electronic Technologies (KRET) (Rúisis: АО 'Концерн Радиоэлектронные технологии' (КРЭТ))	Seoladh: Goncharnaya st., 20/1, 109240, Moscó, Cónaidhm na Rúise Uimhir chlárúcháin: 1097746084666 Uimhir Aitheantais Chánach: 7703695246 Teileafón: +7 (495) 587-70-70 Suíomh gréasáin: https://www.kret.tech/ Ríomhphost: info@kret.com	Is é Concern Radio-Electronic Technologies KRET príomhfhorbóir agus príomh-mhonoróir táirgí raidió-leictreonacha míleata na Rúise. Is fochuideachta de chuid Rostec é. Ba é a mhonaraigh na córais cogáochta leictreonaí Krasucha-4 ar bhain Fórsaí Armtha na Rúise úsáid astu le linn chogadh foghach na Rúise ar an Úcráin. Dá bhrí sin, tá sé freagrach as tacú, ar bhonn ábhartha nó airgeadais le gníomhaíochtaí lenar baineadh an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bhagairt iad ar an méid sin.	16.12.2022

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
149.	JSC 'RADIOAVIONIKA' (Rúisis: AO 'Радиоавионика')	Seoladh: Troitskiy pr., 4, building B, Cathair Pheadair, 190005, Cónaidhm na Rúise Uimhir chlárúcháin: 1027810239555 Uimhir Aitheantais Chánach: 7809015518 Teileafón: +7 (812) 607-50-50 Suíomh gréasáin: http://www.radioavionica.ru Ríomhphost: info@radioavionica.ru	Is cuideachta í Radioavionika d'earnáil teicneolaíochta na Rúise ar soláthraí arm í d'Fhórsaí Armtha Chónaidhm na Rúise. D'fhorbair agus mhonaraigh Radioavionika na córais taiscéalaíochta, cheannais, rialuithe agus chumarsáide 'Strelets-M' a d'úsáid Fórsaí Armtha na Rúise le linn chogadh foghach na Rúise ar an Úcráin. Dá bhrí sin, tá sé freagrach as tacú, ar bhonn ábhartha nó airgeadais le gníomhaíochtaí lenar baineadh an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bhagairt iad ar an méid sin.	16.12.2022

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
150.	JSC Technodinamika (Rúisis: АО Технодинамика)	<p>Seoladh: 35, Bolshaya Tatarskaya Str., Bldg. 5, 115184, Moscow, Russian Federation</p> <p>Uimhir chlárúcháin: 1037719005873</p> <p>Uimhir Aitheantais Chánach: 7719265496</p> <p>Teileafón: +7 (495) 627-1099</p> <p>Ríomhphost: info@tdhc.ru</p> <p>Suíomh gréasáin: http://technodinamika.ru</p>	<p>Is monaróir arm, armlóin, torthaí ceimice agus eitleoireachta é Technodinamika ar sholáthraí míleata é d'Fhórsaí Armtha Chónaidhm na Rúise. Is cuideachta sealbhaíochta í a bhfuil níos mó ná 100 fiontar inti.</p> <p>Mhonaraigh fochuideachtaí Technodinamika aerfheithiclí gan foireann KBLA-IVC, córais leagtha mianach ISDM Zemledeliye agus armlón do roicéid a úsáidtear in teilgeoirí BM-27 Uragan, diúracáin threoraithe aerárthaí Vikhr agus córais roicéad airtléire Tornado-S, a d'úsáid Fórsaí Armtha na Rúise le linn chogadh foghach na Rúise ar an Úcráin.</p> <p>Dá bhrí sin, bhí tá sé freagrach as tacaíocht a thabhairt go hábharach do ghníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin. Anuas air sin, tá tacaíocht ábharach á tabhairt aici do Rialtas Chónaidhm na Rúise, agus í ag tairbhiú de, atá freagrach as ionghabháil na Crimé agus as díchobhsú na hÚcráine.</p>	16.12.2022


	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
151.	JSC 'Ulan-Ude Aviation Plant' (Rúisis: АО 'УЛАН-УДЭНСКИЙ АВИАЦИОННЫЙ ЗАВОД')	Seoladh: Khorinskaya Str. 1, 670009 Ulan-Ude, Republic of Buryatia, Cónaidhm na Rúise Uimhir chlárúcháin: 1020300887793 Uimhir Aitheantais Chánach: 0323018510 Teileafón: +7 (301) 248-0392 Suíomh gréasáin: https://rabotauuaz.ru/o-predpriyatii#O_predpriyatii Ríomhphost: uaz@uuaz.ru	Tá Ulan-Ude Aviation Plant faoi chonradh mar sholáthraí d'Fhórsaí Armtha Chónaidhm na Rúise. Mhonaraigh sé na héileacaptair iompair mhíleata Mi-8AMTSh a d'úsáid Fórsaí Armtha na Rúise le linn chogadh foghach na Rúise ar an Úcráin. Dá bhrí sin, bhí tá sé freagrach as tacaíocht a thabhairt go hábharach do ghníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin.	16.12.2022

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
169.	<p>CUIDEACHTA КОМСТОИЧ ПХОИБЛÍ 'ZAVOD TULA'</p> <p>(Rúisis: ПУБЛИЧНОЕ АКЦИОНЕРНОЕ ОБЩЕСТВО 'ЗАВОД ТУЛА')</p>	<p>Réigiún Tula, Tula, F. Smirnova str., 28 korp.</p> <p>An cineál eintitis: Cuideachta comhstoic phoiblí</p> <p>Dáta clárúcháin: 16.8.2002</p> <p>Áit chlárúcháin: Tula, an Rúis</p> <p>Uimhir chlárúcháin: 1027100592210</p> <p>Uimhir Aitheantais Chánach: 7104002862</p> <p>Príomhionad gnó: an Rúis</p>	<p>Is é PJSC 'ZAVOD TULA' an príomhfhorbróir agus soláthraí sraitheach modhanna soghluaiste radaíochta, taiscéalaíocht cheimiceach agus neamhshonrach bitheolaíoch d'Aonad de chuid Aireacht Cosanta Chónaidhm na Rúise atá i gceannas ar chosaint radaíochta, cheimiceach agus bhitheolaíoch. Soláthraíonn PJSC 'ZAVOD TULA' feithiclí taiscéalaíochta radaíochta speisialta monaraithe d'Fhórsaí Armtha na Rúise, a mbaintear úsáid astu sa chogadh foghach ar an Úcráin.</p> <p>Dá bhrí sin, tá PJSC 'ZAVOD TULA' freagrach as tacaíocht ábharach a thabhairt do ghníomhaíochtaí lenar mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bhagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin.</p>	16.12.2022

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
